ATHMHEASTA

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# CHOOSE SAFETY

**Teacs múinteoir**













## Daoine Óga ag Obair

Clár oideachais ar phrionsabail na sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre don timthriall sinsearach agus do mhic léinn atá ag gabháil do bhreisoideachas

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

Arna fhoilsiú i Lúnasa 2014 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

© Cóipcheart 2014 Gach ceart ar chosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcóras aisghabhála, ná a tharchur i bhfoirm ar bith nó trí mhodhanna ar bith eile, bíodh sin leictreonach, meicniúil, fótachóipeáilte, taifeadta nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

# CHOOSE SAFETY



## Daoine Óga ag Obair

# Clár na nÁbhar


Brollach do Mhúinteoirí 1

AONAD 1

## Tosú ag obair

**Ábhar an Aonaid** **18**
Treoirlínte do mhúinteoirí 19
Cearta oibrithe óga 19
Ionduchtúchán 19
Dlíthe sláinte agus sábháilteachta agus d'ionad oibre 20
Gníomhaíochtaí an aonaid 22
Faisnéis bhreise 25

AONAD 2

## Guaiseacha ionad oibre

**Ábhar an Aonaid** **26**
Treoirlínte do mhúinteoirí 27
Guaiseacha agus measúnú riosca 27
Láimhsiú agus eirgeanamaíocht 27
Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí 28
Sábháilteacht dóiteáin agus garchabhair 28
Gníomhaíochtaí an aonaid 29
Faisnéis bhreise 39

AONAD 3

## Do phost a dhéanamh

**Ábhar an Aonaid** **40**
Treoirlínte do mhúinteoirí 41
Obair ar airde 41
Sábháilteacht iompair san ionad oibre 42
Ceimiceáin 42
Feirmeoireacht 43
Fáilteachas 43
Trealamh cosanta pearsanta (PPE) 43
Gníomhaíochtaí an aonaid 45
Faisnéis bhreise 51

AONAD 4

## Róil, tascanna agus tusa

**Ábhar an Aonaid** **54**
Treoirlínte do mhúinteoirí 55
Oifigeach sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta 55
Timpeallacht Oibre 55
Sláinte agus folláine san ionad oibre 55
Gníomhaíochtaí an aonaid 57
Faisnéis bhreise 61

AONAD 5

## Sábháilteacht a chur in iúl

**Ábhar an Aonaid** **62**
Treoirlínte do mhúinteoirí 63
An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl 63
Tuairiscí ar thimpistí agus ar theagmhais 63
Ráiteas sábháilteachta 64
Comharthaí sábháilteachta 64
Gníomhaíochtaí an aonaid 66
Faisnéis bhreise 71

AONAD 6

## Breathnú siar

**Ábhar an Aonaid** **72**
Treoirlínte do mhúinteoirí 73
Cás-staidéir 73
Mórthasc 73
Gníomhaíochtaí an aonaid 74
Faisnéis bhreise 81

CHOOSE SAFETY

lean muid

hsalearning.ie
HSA Online Courses

# CHOOSE SAFETY

## DAOINE ÓGA AG OBAIR

Clár oideachais maidir le prionsabail na sláinte agus na sábháilteachta san ionad oibre don tsraith shinsearach agus do mhic léinn ar chúrsa breisoideachais

## Téacs múinteoir

# BROLLACH DO MHÚINTEOIRÍ



Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) ar an gcomhlacht reachtúil náisiúnta atá freagrach as a áirithiú go ndéantar oibrithe (fostaithe agus féinfhostaithe) agus iad siúd a dtéann gníomhaíocht oibre i bhfeidhm orthu a chosaint ó dhíobháil agus ó dhrochshláinte mar gheall ar an obair. Feidhmíonn an tÚdarás faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus tuairiscíonn an tÚdarás don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ina theannta sin, tá an tÚdarás ar an lárionad náisiúnta faisnéise agus comhairle d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe maidir le gach gné den tsláinte, den tsábháilteacht, agus de cheimiceáin san ionad oibre.

## AN tÚDARAS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Cuid ríthábhachtach de mhisean an Údaráis is ea feasacht ar shláinte agus ar shábháilteacht a chur chun cinn i measc na n-óg agus daoine óga a spreagadh chun meon i leith na sábháilteachta a fhorbairt roimh thosú amach i saol na hoibre dóibh. Is é sin is aidhm leis an gclár Choose Safety, agus tá an clár tugtha chun dáta anois chun aiseolas ó scoileanna agus ó dhaltaí a chur san áireamh.

Is iad daltaí agus mic léinn an lae inniu a bheidh ina n-oibrithe amach anseo. Rachaidh sé chun leas an uile dhuine go mbeidh daoine óga feasach ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht mar a bhaineann leis an ionad oibre. Trí mheon ina dtugtar tús áite do chúrsaí sláinte a chothú agus iad fós ar scoil, is féidir leo foghlaim conas iad féin agus na daoine mórthimpeall orthu a chosaint agus iad ag obair.

In Éirinn, léirítear i bhfigiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh gurb airde i bhfad na rátaí díobhála san ionad oibre i gcás oibrithe idir 15-24 bliana d'aois ná i gcás aon aoisghrúpa eile.

Sonraíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair go mbíonn daoine óga ach go háirithe i mbaol san ionad oibre: tá seans 50% níos mó ar a laghad go ngortófaí oibrithe idir 18-24 bliana d'aois ná oibrithe níos sine.

Tá sé mar aidhm ag Choose Safety a chur ina luí ar dhaoine óga smaoineamh ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta i gcomhthéacs a bpost páirtaimseartha nó socrúchán oibre. Cuirtear faisnéis agus treoir ar fáil sa chlár agus beidh daoine óga in ann an fhaisnéis agus an treoir sin a chur i bhfeidhm agus iad ag obair amach anseo.

## CONAS AN ACMHAINN OIDEACHAIS SEO A ÚSÁID

In Choose Safety, déantar feasacht mhéadaithe ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre a chur chun cinn i measc daoine óga.

Tá an clár bunaithe ar shé aonad. Tá go leor ábhair agus moltaí teagaisc i ngach aonad chun cúig thréimhse ranga nó níos mó a chuimsiú. Féadfaidh tú giotaí áirithe den leabhar a léamh agus úsáid a bhaint as na topaicí agus as na gníomhaíochtaí do dhaltaí is mó a d'oirfeadh do leibhéal agus d'eolas na ndaltaí nó na mac léinn atá agat. Ina theannta sin, féadfaidh tú cur le scóip na gceachtanna trí leas a bhaint as do smaointe teagaisc féin agus/nó trí féachaint ar na suíomhanna gréasáin nó na hacmhai eile atá ainmnithe.

Ní téacsleabhar é seo. Is leabhar saothair atá ann a bhfuil mar aidhm leis fiosrú agus plé a spreagadh. Tá na ceisteanna a spreagfar in aigne na ndaltaí díreach chomh tábhachtach céanna leis na freagraí atá curtha ar fáil anseo nó in áiteanna eile.

# CUR SÍOS AR NA hAONAID

In ainneoin gur dearadh an cúrsa le cur ar chumas múinteoirí dul díreach chuig na rannáin sin is mó atá ábhartha do ghrúpaí ranga ar leith, tá gné forbraíochta i gceist le hord na gceachtanna atá curtha i láthair. In Aonad 1 go hAonad 4, dírítear ar ghníomhaíochtaí oibre ar cosúil go mbeidh siad ar siúl ag daoine óga. Is aonaid phraiticiúla agus ábhartha iad sin, agus ar an ábhar sin tá siad bunaithe ar eolas agus ar thuiscint go príomha.

Is mó a dhírítear ar fheidhmiú, ar anailís agus ar mheasúnú in Aonad 5 agus in Aonad 6. Ar an ábhar sin, tá dúshlán níos mó sa leabhar saothair de réir mar a théann na haonaid ar aghaidh. Is fiú iarracht a dhéanamh cloí le hord ginearálta na ngníomhaíochtaí mar atá curtha i láthair sa téacs. Nuair a bhíonn an t-am gann, ba cheart do mhúinteoirí léim thar ghníomhaíochtaí ar leith seachas aonaid iomlána.

In Aonaid 1-4, dírítear ar dhaoine óga ag obair agus ar na príomhphrionsabail a bhaineann le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus le cosc timpistí. Is iad seo a leanas na príomhfhocail: GUAIS, RIOSCA, RIALÚ. I ngach aonad, dírítear ar cheann amháin de na prionsabail sin laistigh de chás ar leith.

- In **Aonad 1**, dírítear ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta ginearálta do dhaoine óga san ionad oibre agus ar na freagrachtaí éagsúla a bhíonn ar dhaoine aonair.
- In **Aonad 2**, cuirtear i láthair coincheap na guaise agus riosca agus próiseas an mheasúnaithe riosca. Dírítear ar na príomhghuaiseacha a théann i bhfeidhm ar oibrithe óga lena n-áirítear láimhsiú agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, dóiteán agus garchabhair.
- In **Aonad 3**, féachtar ar rialuithe éifeachtacha i gcomhthéacs bhainistiú na hoibre ar airde, innealra agus trealaimh, fheithiclí an ionaid oibre, agus ceimiceán. Féachtar freisin ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta in dá earnáil thábhachtacha oibre: cúrsaí feirmeoireachta agus cúrsaí fáilteachais.
- In **Aonad 4**, pléitear róil shainiúla an oifigigh sábháilteachta agus an ionadaí sábháilteachta agus spreagtar daltaí chun machnamh a dhéanamh ar thimpeallachtaí sláintiúla oibre agus ar shláinte agus ar fholláine phearsanta.
- In **Aonad 5 agus in Aonad 6**, cuirtear dúshlán faoi dhaltaí machnamh agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí prionsabail na sláinte agus na sábháilteachta a chur i bhfeidhm ar chleachtais oibre sa saol mar atá. Spreagtar plé agus fiosrú sa chuid seo den leabhar. Dírítear freisin ar an duine agus ar chosc timpistí.
- In **Aonad 6**, cuirtear an clár Choose Safety i gcrích trí fhéachaint ar chás-staidéir ón saol mar atá. San aonad seo, caitear súil arís ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn roimhe sin sa chúrsa.

# DÁMHACHTAINÍ CHOOSE SAFETY

Is féidir **Deimhniú Críochnúcháin** a bhronnadh ar gach dalta nó mac léinn a n-éiríonn leis/léi an clár Choose Safety a chríochnú go rathúil mar aitheantas ar an tuiscint mhéadaithe ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair atá bainte amach aige/aici.

Féadfar **Deimhniú le Gradam** a bhronnadh ar dhaltaí nó ar mhic léinn a n-éiríonn leo an mórthasc roghnach atá leagtha amach in Aonad 6 a chur i gcrích go rathúil. Is iad múinteoirí a cheartóidh an mórthasc agus is iad a chinnfidh an leibhéal dámhachtana le haghaidh gach dalta nó mic léinn. Féach 'Measúnú, Deimhniúchán agus Suaitheantais Dhigiteacha a Bhronnadh' ar leathanach 4 chun faisnéis bhreise ar Dheimhnithe a fháil.

*nua* **Is féidir Suaitheantais Dhigiteacha** a bhronnadh freisin ar dhaltaí agus ar mhic léinn a ghlacann páirt in Choose Safety agus ar chur i gcrích na n-aonad agus na measúnuithe ar leith. (Féach 'Suaitheantais Dhigiteacha – Córas Dámhachtainí Roghnacha' ar leathanach 4 chun faisnéise bhreise ar shuaitheantais dhigiteacha a fháil.)

Cuimsítear os cionn 70 cleachtadh agus gníomhaíocht in Choose Safety. Ní gá gach aon ghníomhaíocht i ngach aonad a chríochnú. Is mó tairbhe a bhainfidh an dalta as triail a bhaint as gníomhaíochtaí i ngach aonad ná díriú go simplí ar an gcéad leath den leabhar.

# TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Céard iad na rudaí nua in Choose Safety? I ngach aonad, cuirtear smaointe ar fáil don mhúinteoir chun na ceachtanna a mhúnlú, agus rinneadh na haonaid a leasú agus a thabhairt chun dáta leis na topaicí nua seo a leanas:

- Aonad 1 Ionduchtúchán
- Aonad 2 Sciorrthaí, tuislí agus titimí
- Aonad 3 Sábháilteacht iompair san ionad oibre, Ceimiceáin, Feirmeoireacht agus Fáilteachas
- Aonad 4 An Timpeallacht Oibre
- Aonad 5 Comharthaí sábháilteachta
- Aonad 6 Tionchar timpistí san ionad oibre ar dhaoine aonair agus ar ghnólachtaí

Is treoirlínte agus moltaí amháin iad sin, agus níl sé i gceist go mbeidís saintreorach ná sriantach. Is tú is fearr a thuigfidh conas gach ceacht a dhearadh chun an rannphairtíocht is fearr agus is féidir a bhaint as an rang. Is iad taithí agus cumas na ndaltaí, mar aon le socrú amchláir an chláir, is fearr a thabharfaidh treoir duit maidir le pleanáil chuige sin.

Tá faisnéis bhreise don mhúinteoir le fáil i roinnt aonad. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin cabhrú leat an cúrsa a sheachadadh. Tá faisnéis bhreise, mar aon le rialacháin nua maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, le fáil ar na suíomhanna gréasáin atá liostaithe ar leathanach 17.

Tá na nithe seo a leanas ar fáil i ngach aonad:

- **treoirlínte** don mhúinteoir chun tacú leis na coincheapa sa cheacht
- **pleananna ceachta** molta chun treoir a thabhairt duit tríd an aonad. Is mar mholtaí amháin a chuirtear na pleananna ceachta ar fáil, agus is féidir cur leo go héasca le do chuid eolais agus taithí féin agus leis na modhanna teagaisc is rogha leat
- **gníomhaíochtaí** le daltaí a spreagadh chun machnamh agus plé a dhéanamh ar na ceisteanna atá san aonad. Cuirfidh na gníomhaíochtaí sa phacáiste dúshlán faoi dhaltaí de gach cumas. I dtéarmaí leathana, éiríonn na tascanna níos casta de réir mar a théann an cúrsa ar aghaidh
- **fíricí gasta** ina bhfuil faisnéis ábhartha chun spéis a mhúscailt san fhoghlaim
- **aisnéis bhreise** nó tagairtí spéisiúla chun cur leis an eolas atá agatsa ar an topaic agus chun barr feabhais a chur ar do chuid ullmhachta le haghaidh na gceachtanna.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Liostaítear torthaí foghlama gach aonaid sna treoirlínte do mhúinteoirí. Tugtar forbhreathnú leo sin ar na cumais ba cheart a bheith ag an dalta tar éis an t-aonad a chur i gcrích.

## BUNACHAR FOCAL

B'fhéidir gur mhaith leat leas a bhaint as bunachar focal nó an coincheap a chur in oiriúint. Níl sé san áireamh sa liosta gníomhaíochtaí sa leabhar do dhaltaí. Mar sin féin, is cleachtadh breise úsáideach atá ann chun cur le stór focal na ndaltaí maidir le topaic na sláinte agus na sábháilteachta.

Is gluais téarmaí atá sa bhunachar focal a chuireann an dalta le chéile le himeacht ama. Ag tréimhsí iomchuí i ngach aonad, is féidir leis an dalta taighde a dhéanamh ar théarmaíocht ábhartha agus liosta a chur le chéile. Is féidir é sin a dhéanamh i gcóipleabhar nó i gcomhad ríomhaire. Is féidir le daltaí obair ina n-aonar nó ina mbeirteanna nó i ngrúpaí. De rogha air sin, is féidir póstaer den bhunachar focal a chrochadh sa rang, agus is féidir cur leis an bpóstaer de réir a chéile.

## CUR I LÁTHAIR GAIRID

Tá cuir i láthair ghairide le fáil in Aonad 1 go hAonad 5. Is fearr a oireann na gníomhaíochtaí sin don obair bhaile. Éilítear leis na gníomhaíochtaí sin machnamh níos doimhne ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn san aonad. I bhformhór na gcásanna, ní mór don dalta tabhairt faoi roinnt taighde. Ba cheart go mbeadh an tionscadal réasúnta foirmiúil agus cruinn, bíodh sé á chur i láthair de bhéal nó i bhfoirm scríofa. Cuirfear eispéireas foghlama níos idirghníomhaí ar fáil don rang ina iomláine má chuirtear an tionscadal i láthair de bhéal. Ina theannta sin, féadfaidh daltaí roghnú a gcur i láthair a ullmhú i bhfoirmeacha eile amhail póstaer, colláis, físeán, dráma, taifead fuaime, blag, etc. Is féidir leis an múinteoir na roghanna is fearr a oireann do chumais agus do scileanna na ndaltaí a roghnú.

## TRIALACHA LUAIS

Is féidir measúnú gasta ar a bhfuil foghlamtha i ngach aonad a dhéanamh leis na cleachtaí seo ag deireadh na n-aonad. Is féidir leis an múinteoir teorainneacha ama a leagan amach a oireann do ranganna ar leith. Cuireann an teorainn ama roinnt spraoi leis an measúnú.

## RÍOMHFHOGHLAIM

hsalearning.ie
HSA Online Courses

Tá cúrsaí a oireann do dhaltaí na sraithe sinsearaí le fáil ar thairseach nua ríomhfhoghlama an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (agus cuirfidh na cúrsaí sin leis na ceachtanna in Choose Safety). Go háirithe, rachaidh an cúrsa Get Safe Work Safe chun leas daltaí atá ag ullmhú don ionad oibre. Tá sé úsáideach freisin mar chúrsa athnuachana do dhaltaí. Tá feidhm an bhainisteora grúpa ina gné úsáideach de na cúrsaí ar líne. Féadfaidh múinteoirí é sin a roghnú chun an cúrsa a sheachadadh do ghrúpaí daltaí, agus beidh múinteoirí in ann dul chun cinn na ndaltaí a bhainistiú agus súil a choinneáil air. Féach http://hsalearning.ie chun liosta a fháil de réimse iomlán na gcúrsaí ar líne don earnáil oideachais (idir mhúinteoirí agus daltaí).

Féach na suíomhanna gréasáin seo a leanas chun smaointe a fháil ar obair i ngrúpaí, ransú smaointe, agus rólghlacadh sa seomra ranga.

Téigh chuig www.ite.org.uk, www.eslflow.com, www.teachingexpertise.com.

# MEASÚNÚ, DEIMHNIÚCHÁN AGUS SUAITHEANTAIS DHIGITEACHA A BHRONNADH

nua

Ní clár oiliúna atá in Choose Safety. Ina áit sin, is clár atá ann a dhéanann feasacht, fiosrú agus machnamh a chur chun cinn. Tá na ceisteanna a chuirtear díreach chomh tábhachtach céanna leis an gcroí-ábhar.

Is iad spriocphobal an chláir daltaí na sraithe sinsearaí agus mic léinn atá ag gabháil don bhreisoideachas agus ar dhócha go mbeidís páirteach i dtaithí oibre, nó in obair pháirtaimseartha nó lánaimseartha nó i seirbhís pobail go luath. Is é an aidhm fhadtéarmach go mbeidh an grúpa daltaí agus mac léinn sin ag tosú amach ar a saol oibre agus tuiscint áirithe acu ar phrionsabail na sláinte agus na sábháilteachta.

Tá go leor de ghnéithe na foghlama gníomhaí le fáil in Choose Safety ar gnéithe bunriachtanacha iad de na cláir mhalartacha den tsraith shinsearach amhail an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta. Cuirtear béim mhór ar réiteach fadhbanna, obair i ngrúpaí, machnamh agus plé/díospóireacht.

***De réir mar a théann an dalta tríd an gclár, beidh ar an múinteoir modheolaíochtaí na foghlama gníomhaí a chur i bhfeidhm. Ní mór go mbeadh múinteoirí sásta ligean do phlé, do rólghlacadh agus do dhíospóireachtaí dul ar aghaidh gan na freagraí cearta a sholáthar. Is é nós an fhiosraithe a bhíonn á spreagadh sna haonaid deiridh de Choose Safety.***

Dlúthchuid den phróiseas foghlama is ea stíl agus raon na ngníomhaíochtaí sa chlár. Bíodh is go bhfuil tuiscint ar an inneachar a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht tábhachtach chun an clár a chur i gcrích, tá an chaoi a ndéantar an t-inneachar sin a sheachadadh agus a ghlacadh ríthábhachtach don oideolaíocht. Céim thábhachtach chun timpistí a chosc is ea dul isteach i saol na hoibre le heolas bunúsach ar chúrsaí sláinte. Baineann luach cothrom leis na scileanna a fhoghlaimeoidh daltaí ar chur i gcrích Choose Safety dóibh – machnamh, fiosrú agus cumarsáid.

Éilítear freagra cliste meabhraithe ó dhaltaí in go leor de na gníomhaíochtaí sa leabhar. Ba cheart go mbeadh roinnt machnaimh i gceist le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, agus caitear mar sin leis an ábhar i stíl agus i ndoimhneacht na dtascanna atá leagtha amach do dhaltaí. Déantar iarracht, mar sin féin, na gníomhaíochtaí a dhéanamh chomh taitneamhach agus is féidir. Is iad scileanna an mhúinteora agus an cur chuige a ghlacfar sa rang a chinnfidh go mór a thaitneamhaí atá na gníomhaíochtaí.

Sa tábla ar an gcéad leathanach eile, leagtar amach raon na ngníomhaíochtaí don seomra ranga agus don obair bhaile atá le fáil sa phacáiste (is gníomhaíochtaí nua iad cuid mhór díobh). Féadfar iad sin a chur in oiriúint do raon cumais agus do réimsí spéise na ndaltaí. Tá os cionn 70 gníomhaíocht ann chun spéis a mhúscailt. Is féidir féachaint orthu sin mar roghchlár ónar féidir gníomhaíochtaí a roghnú don rang de réir mar is cuí.

Ní gá gach aon chleachtadh a chur i gcrích. Is féidir leatsa cinneadh a dhéanamh an bhfuil nó nach bhfuil deimhniú tuillte ag dalta mar gheall ar a rannpháirtíocht. Ní bhronnfar dámhachtain faoin gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar Choose Safety a chur i gcrích ach, mar sin féin, is taifead atá sna deimhnithe agus sna suaitheantais ar fhoghlaim na ndaltaí lena mbaineann torthaí foghlama ar leith.

**Deimhniú Críochnúcháin:**

I gcás formhór na ndaltaí, is féidir gnáth-Dheimhniú Críochnúcháin a bhronnadh go réasúnta orthu. Baineann an Deimhniú sin le daltaí a ghlac páirt i raon gníomhaíochtaí i ngach ceann de na haonaid. Ar chríochnú na n-aonad, ba cheart go mbeadh tuiscint mhaith bainte amach ar na saincheisteanna ann mar aon le feasacht mhaith go mbaineann cúrsaí sláinte agus sábháilteachta le gach aon duine.

**Deimhniú le Gradam:**

I gcás daltaí a bhfuil Deimhniú le Gradam tuillte acu, ní mór dóibh ardtuiscint a léiriú ar na saincheisteanna i gceist. Beidh formhór mhór na ngníomhaíochtaí curtha i gcrích acu, lena n-áirítear gach ceann de na tionscadail ghearra agus ceann amháin ar a laghad de na mórthascanna in Aonad 6.

Is féidir leis an múinteoir a chinneadh cén deimhniú atá tuillte ag gach dalta. Eisítear na deimhnithe go leictreonach don scoil/don institiúid tríd an gcomhordaitheoir áitiúil den chlár Choose Safety. Déan teagmháil dhíreach le hAonad Oideachais an Údaráis ag educationunit@hsa.ie má bhíonn deacracht agat dul i dteagmháil le do chomhordaitheoir nó na deimhnithe a rochtain.

# SUAITHEANTAIS DHIGITEACHA – CÓRAS DÁMHACHTAINÍ ROGHNACHA

nua

Trí chóras an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta chun Suaitheantais Oscailte a dhámhachtain, aithnítear daltaí a n-éiríonn leo gach aonad de réimse na gclár Choose Safety de chuid an Údaráis a chur i gcrích agus a bhaint amach go rathúil. Bronntar 'suaitheantas digiteach' ar dhaltaí a n-éiríonn leo **ceann ar bith de na sé aonad ar leith** agus ceann ar bith de na ceithre chlár iomlána Choose Safety atá ar tairiscint a chur i gcrích (féach thall chun an liosta iomlán a fháil). D'fhéadfadh seo a bheith oiriúnach do dhaltaí agus do mhúinteoirí nach gcríochnaíonn an clár iomlán ach a bhíonn ag díriú ar roinnt de na haonaid ann. Féach thíos chun faisnéis bhreise a fháil ar na suaitheantais. Is féidir na suaitheantais dhigiteacha a fhoilsiú ar do láithreán líonraithe shóisialta, ar do CV ar líne, i do mhála droma le haghaidh suaitheantas, nó ar phróifíl ar líne eile.

| SUAITHEANTAIS AN CHLÁIR | SUAITHEANTAIS D'AONAID AR LEITH |
|---|---|
| • Choose Safety (clár iomlán)<br>• Suaitheantais Choose Safety le Gradam (clár iomlán + mórthasc)<br>• Aonad idirbhliana: (Choose Safety + Taithí Oibre + Ríomhfhoghlaim) 'Get Safe – Work Safe' ar hsalearning.ie<br>• An clár ríomhfhoghlama ar líne leis féin: 'Get Safe – Work Safe' ar hsalearning.ie<br>• Máistir Choose Safety (bronntar suaitheantas digiteach an Údaráis ar an múinteoir as Choose Safety a mhúineadh)<br>• Printíseach Choose Safety (ar thosú an chláir nuair a thosaíonn an scoil ar a sheachadadh) | Choose Safety (in aghaidh an aonaid)<br>Aonad 1 – Ionduchtúchán<br>Aonad 2 – Guaiseacha san ionad oibre<br>Aonad 3 – Feasacht ar rioscaí<br>Aonad 4 – Freagracht<br>Aonad 5 – Cumarsáid<br>Aonad 6 – Cás-staidéir |

## CÉARD IS SUAITHEANTAS DIGITEACH ANN? *nua*

Is é is suaitheantas ann comhartha nó táscaire ar ghnóthachtáil, scil, inniúlacht nó ábhar spéise. Is féidir suaitheantais a úsáid chun éachtaí a léiriú, rath a chur in iúl, agus spriocanna a leagan amach. Is féidir iad a úsáid freisin chun tacú leis an bhfoghlaim a tharlaíonn lasmuigh den seomra ranga traidisiúnta.

Léiriú digiteach ar a bhfuil bainte amach atá sna suaitheantais. Íomhá atá sa suaitheantas ina bhfuil meiteashonraí breise ionchódaithe chun an fhoghlaim a fhíorú. Déantar é sin a bhainistiú ar thairseach 'Suaitheantais Oscailte' de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Tar éis do dhalta ceann de chláir Choose Safety a chur i gcrích, is féidir Suaitheantas Digiteach a bhronnadh ar an dalta mar aitheantas ar an tuiscint mhéadaithe ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair atá bainte amach aige/aici. Déanfar na suaitheantais a dhámhachtain trí thairseach 'Suaitheantais Oscailte' de chuid an Údaráis. Is féidir faisnéis bhreise ar conas suaitheantais dhigiteacha a dhámhachtain a fháil ar http://hsalearning.ie.

**Céard a dhéanfaidh daltaí le suaitheantais dhigiteacha?**

Nuair a éiríonn le daltaí gach aonad den chlár Choose Safety a chur i gcrích, is féidir leo suaitheantas a ghnóthú. Is féidir leo na suaitheantais a ghnóthaigh siad a bhailiú ina mála droma ar líne féin d'fhonn úsáid a bhaint astú chun an fhoghlaim a thaispeáint do mhúinteoirí, tuismitheoirí, fostóirí ionchasacha agus cairde.

**Conas is féidir liomsa, an múinteoir, suaitheantais a bhronnadh?**

Anuas ar an gclár Choose Safety a chur ar fáil agus a mheasúnú, níl le déanamh chun suaitheantais a bhronnadh ach liosta de na daltaí a chríochnaigh na cláir éagsúla faoi Choose Safety a chruthú agus cúpla céim shimplí a leanúint. Tá na céimeanna sin le fáil faoin gceannteideal 'Suaitheantais Dhigiteacha' ar thairseach ríomhfhoghlama an Údaráis, http://hsalearning.ie. I gcás ceisteanna eile maidir le suaitheantais dhigiteacha a bhronnadh, déan teagmháil le: educationunit@hsa.ie

Cruthófar cuntas na ndaltaí sa chóras ar líne ansin, agus eiseofar na suaitheantais dóibh. Is féidir faisnéis bhreise ar Shuaitheantais Dhigiteacha go ginearálta a fháil ar www.openbadges.org.

# NA SUAITHEANTAIS DHIGITEACHA ATÁ AR FÁIL ÓN ÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHA

nua

Féach thíos na híomhánna de na suaitheantais atá le fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus na naisc chuig na torthaí foghlama a léireofar nuair a chliceálfar orthu.

| Suaitheantais Dhigiteacha Choose Safety | Teideal an tsuaitheantais | Cur síos |
|---|---|---|
|  | Aonad 1 – Ionduchtúchán | Bronntar an suaitheantas Ionduchtúchán ar chur i gcrích rathúil Aonad 1, Tosú amach ag obair. Ba cheart go mbeadh an faighteoir in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na forálacha is tábhachtaí den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996<br>• cur síos a dhéanamh ar an leas a bhaineann le hoiliúint ionduchtúcháin<br>• breac-chuntas a thabhairt ar phríomhfhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair. |
|  | Aonad 2 – Guaiseacha san ionad oibre | Bronntar an suaitheantas **Guaiseacha san ionad oibre** ar chur i gcrích rathúil Aonad 2, Guaiseacha san ionad oibre. Ba cheart go mbeadh an faighteoir in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• guaiseacha a shainaithint agus a aicmiú<br>• sainmhíniú a thabhairt ar mheasúnú riosca<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na guaiseacha seo a leanas agus na rialuithe a bhaineann leo; láimhsiú agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, dóiteán agus garchabhair<br>• breac-chuntas a thabhairt ar bhunphrionsabail na heirgeanamaíochta<br>• breac-chuntas a thabhairt ar phrionsabail an ardaithe shábháilte. |
|  | Aonad 3 – Feasacht ar rioscaí | Bronntar an suaitheantas **Feasacht ar rioscaí** ar chur i gcrích rathúil Aonad 3, Do jab a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh an faighteoir in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na príomhghnéithe le cur san áireamh agus obair á déanamh ar airde<br>• liosta a thabhairt de na réamhchúraimí atá le glacadh maidir le feithiclí an ionaid oibre<br>• cur síos a thabhairt ar conas is féidir le ceimiceáin díobháil a dhéanamh<br>• breac-chuntas a thabhairt ar Bhileoga Sonraí Sábháilteachta a úsáid<br>• lipéid ar tháirgí ceimiceacha a shainaithint<br>• na guaiseacha a bhaineann le dhá earnáil thábhachtacha oibre – an fheirmeoireacht agus an fáilteachas – a shainaithint<br>• breac-chuntas a thabhairt ar fhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe maidir le trealamh cosanta pearsanta. |
|  | Aonad 4 – Freagracht | Bronntar an suaitheantas **Freagracht** ar chur i gcrích rathúil Aonad 4, Róil, tascanna, agus tú féin. Ba cheart go mbeadh an faighteoir in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• breac-chuntas a thabhairt ar ról an oifigigh sábháilteachta agus an ionadaí sábháilteachta<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na tosca a chuireann le timpeallacht shláintiúil oibre<br>• liosta a thabhairt de na tosca a chuireann ar bhealach dearfach agus diúltach le sláinte agus folláine san ionad oibre. |

| | | |
|---|---|---|
|  | Aonad 5 – Cumarsáid | Bronntar an suaitheantas **Cumarsáid** ar chur i gcrích rathúil Aonad 5, An tSábháilteacht a chur in iúl. Ba cheart go mbeadh an faighteoir in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• liosta a thabhairt de bhealaí chun saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl<br>• roinnt gnéithe den reachtaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht a phlé<br>• breac-chuntas a thabhairt ar an difríocht idir timpiste agus tarlú contúirteach<br>• úsáid na dtuairiscí ar thimpistí a léiriú<br>• ullmhú le haghaidh cruinnithe san ionad oibre tar éis timpiste<br>• cur síos a dhéanamh ar chuspóir ráitis sábháilteachta<br>• comharthaí sábháilteachta coitianta agus an chiall atá leo a shainaithint. |
|  | Aonad 6 – Cás-staidéir | Bronntar an suaitheantas **Cás-staidéir** ar chur i gcrích rathúil Aonad 6, Machnamh, Cuid 1: Cás-staidéir. Ba cheart go mbeadh an faighteoir in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• tionchar timpistí san ionad oibre ar dhaoine aonair agus ar ghnólachtaí a phlé<br>• roinnt de phrionsabail na sláinte agus na sábháilteachta a foghlaimíodh ar an gclár Choose Safety a chur i bhfeidhm<br>• gnéithe de thimpistí sa saol mar atá a phlé<br>• mórthasc maidir le gné amháin den chúrsa a chur i gcrích. |
|  | Aonad 6 – Mórthasc | Bronntar an suaitheantas **Mórthasc** ar chur i gcrích rathúil Aonad 6, Machnamh, Cuid 2: Mórthasc. Tá mórthasc maidir le gné amháin den chúrsa curtha i gcrích ag an bhfaighteoir. |
|  | Choose Safety (Máistir) | Bronntar an Suaitheantas Oscailte **Choose Safety (Máistir)** ar an múinteoir ar thosú an chláir sa scoil. |
|  | Choose Safety (Printíseach) | Bronnfaidh an múinteoir an suaitheantas **Choose Safety (Printíseach)** ar gach dalta a thugann faoin gcúrsa ag tús an chúrsa, ar thosú an chláir sa scoil. |
|  | Choose Safety Curtha i gCrích | Bronntar an suaitheantas **Choose Safety** ar chur i gcrích rathúil an chláir Choose Safety. Bronntar an suaitheantas mar aitheantas ar an tuiscint mhéadaithe ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair atá bainte amach ag an bhfaighteoir. |
|  | Choose Safety Curtha i gCrích le Gradam | Bronntar an suaitheantas **Choose Safety le Gradam** ar dhaltaí a n-éiríonn leo an mórthasc roghnach a chur i gcrích go rathúil. Bronntar an suaitheantas mar aitheantas ar ardtuiscint an fhaighteora ar na saincheisteanna a thagann chun cinn agus ar chur i gcrích sármhaith an chláir Choose Safety. |
|  | *Get Safe – Work Safe* Cur i gcrích an chúrsa ar líne | Bronntar an suaitheantas **ríomhfhoghlaim** ar dhaltaí a n-éiríonn leo cúrsa ar líne an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta *'Get Safe – Work Safe'* a chur i gcrích go rathúil. |

| | | |
|---|---|---|
| | Cur i gCrích Aonad Idirbhliana Choose Safety | Bronntar an suaitheantas **Aonad Idirbhliana** ar chur i gcrích rathúil chlár an Aonaid Idirbhliana. Tá an clár iomlán seo dírithe ar dhaltaí na hIdirbhliana a bhfuil an clár Choose Safety **agus** taithí oibre **agus** an cúrsa ríomhfhoghlama 'Get Safe – Work Safe' ar http://hsalearning.ie a curtha i gcrích acu. |
| | Cur i gCrích Taithí Oibre Choose Safety | Bronntar an suaitheantas **Taithí Oibre** ar chur i gcrích rathúil taithí oibre. |

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO DHALTAÍ

Tá raon na ngníomhaíochtaí do dhaltaí leagtha amach sa tábla thíos. Éilítear machnamh pearsanta, obair i ngrúpaí, agus plé sa seomra ranga i ngach aonad.

Tá leibhéal rannpháirtíochta agus machnaimh iomchuí don tsraith shinsearach de dhíth i ngach aonad.

| Topaic | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cleachtadh do dhaltaí aonair | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| I mbeirteanna | | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| I ngrúpaí | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| Plé sa seomra ranga | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Fíricí Tapa | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Cur i Láthair Gairid | | | | ✓ | ✓ | |
| Mórthionscadal | | | | | | ✓ |
| Ransú smaointe | | ✓ | | ✓ | | |
| Díospóireacht | | | | | | ✓ |
| Cur i Láthair de Bhéal | | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Litir | | | | | | ✓ |
| Rólghlacadh | | | | | ✓ | ✓ |
| Triail Luais | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ceistneoir | | | | | ✓ | |
| Póstaer | | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Bunachar Focal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |

# NAISC LEIS AN tSRAITH SHINSEARACH AGUS LE BREISOIDEACHAS/hOILIÚINT

### IDIRBHLIAIN

Tacaíonn inneachar agus stíl an chláir Sláinte agus Sábháilteachta seo leis na gnéithe bunriachtanacha ar fad i gClár na hIdirbhliana. Tá an t-inneachar fréamhaithe go domhain i bhfírinne na taithí oibre atá ina dlúthchuid den Idirbhliain in go leor scoileanna. Ina theannta sin, tugtar léiriú maith ar iniúchadh coincheap amhail freagracht agus cuntasacht, féinmheas, caoinfhulaingt agus saoránacht gníomhach sa chúrsa Choose Safety. Iarrtar ar dhaltaí **smaoineamh agus gníomhú, machnamh a dhéanamh agus áitiú.**

Úsáidtear an cleachtas is fearr san fhealsúnacht oideolaíoch atá mar bhonn agus thaca ag na heispéiris foghlama sa chlár seo. In Choose Safety, cuirtear béim ar an machnamh pearsanta, obair i mbeirteanna agus obair i ngrúpaí. Tá gnéithe eile na foghlama gníomhaí le fáil freisin i rólghlacadh, díospóireachtaí foirne, anailís ar na meáin, agus measúnuithe ar chás-staidéir.

Éascaítear an fhoghlaim le teicnící teagaisc nua-aimseartha ina mbíonn an dalta rannpháirteach go gníomhach sa cheacht. Ní oireann an stíl ná an t-inneachar don teagasc oideasach aontoiseach.

Go hachomair, tá stíl, inneachar agus réasúnaíocht bhunúsach an phacáiste seo comhsheasmhach ina n-iomláine le fealsúnacht na hIdirbhliana.

### AONAD IDIRBHLIANA

Tá Choose Safety ina gné bhunúsach d'aonad idirbhliana nua dar teideal "Sábháilteacht Daltaí san Ionad Oibre". San aonad idirbhliana 45 uaire seo, tugtar réamheolas ar choincheapa sláinte agus sábháilteachta do dhaltaí a bhfuil sé beartaithe acu dul ar thaithí oibre. Tá an t-aonad iomlán ar fáil lena íoslódáil ón www.ncca.ie.

### GAIRMCHLÁR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

I gcás daltaí ar Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), feicfidh siad go mbaineann go leor d'inneachar an chláir Choose Safety le riachtanais an tsiollabais maidir le gnéithe dá gcúrsa lena n-áirítear tuiscint mhaith a bhaint amach ar an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. Tacaíonn an leabhar le Nascmhodúl 1 "Ullmhú do Shaol na hOibre", Aonad 1 Tús eolais ar Shaol na hOibre, agus Aonad 4 Socrúchán Oibre.

D'fhéadfaí leas a bhaint as gníomhaíochtaí sa leabhar le haghaidh riachtanas punainne GCAT. Amhail an Idirbhliain, cuirfear le go leor de na scileanna beatha atá bunriachtanach do GCAT trí rannpháirtíocht ghníomhach iomlán.

### AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH

Ar an gcaoi chéanna, baineann inneachar an chláir feasachta seo ar shláinte agus ar shábháilteacht le gach comhpháirt den Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF). Tacaíonn inneachar Choose Safety go maith le modhanna measúnaithe na hArdteistiméireachta Feidhmí (modúil, tascanna do dhaltaí agus scrúduithe deiridh). Feicfidh daltaí ATF go mbaineann go leor den inneachar go díreach lena gcúrsa Gairmullmhúcháin (ábhar).

In Choose Safety, cuimsítear na heispéiris foghlama lena bhfuiltear ag súil chun go leor de na torthaí foghlama follasacha den ghairmullmhúchán a chur i gcrích. Tacaíonn an t-inneachar anseo go díreach leis an taithí oibre éigeantach atá ina dlúthchuid den chúrsa ATF. Ina theannta sin, cuimsítear sna Speisialachais Ghairme aonaid inar léir an fheasacht ar shláinte agus ar shábháilteacht. Cuimsítear inneachar ábhartha dá leithéid in Choose Safety. Féadfaidh daltaí úsáid a bhaint as na hinniúlachtaí arna bhforbairt anseo chun riachtanais na 'dtascanna' do dhaltaí ATF a chomhlíonadh. Ar deireadh, baineann na ceachtanna a fhoghlaimítear ón leabhar seo go díreach le scrúdú deiridh na hArdteistiméireachta Feidhmí.

### AN ARDTEISTIMÉIREACHT SHEANBHUNAITHE

Féadfaidh múinteoirí ábhair phríomhshrutha na hArdteistiméireachta amhail na Teicneolaíochtaí, Eolaíocht, Eolaíocht Talmhaíochta, Staidéar Foirgníochta, Eacnamaíocht Bhaile, Ealaín, agus Corpoideachas leas a bhaint as Choose Safety. Tá tuiscint ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta follasach nó intuigthe i ngach ceann de na hábhair sin. Mar gheall ar leibhéal na rannpháirtíochta intleachtúla a éilítear ó dhaltaí sna haonaid deiridh den chlár, cabhrófar lena gcuid oibre in ábhair eile amhail Béarla agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Féadfaidh múinteoirí agus daltaí ceann ar bith de na hábhair thuasluaite leas a bhaint as gnéithe den phacáiste acmhainní seo chun cur leis an mbunsiollabas.

### BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Is iomaí cúrsa breisoideachais ina mbeidh Choose Safety ábhartha chun daoine óga agus daoine dífhostaithe a ullmhú don ionad oibre. Féadfaidh múinteoirí agus teagascóirí leas a bhaint as gnéithe áirithe de thopaicí agus d'aonaid de réir mar is mian leo. Ná déan dearmad gur féidir suaitheantais dhigiteacha a bhronnadh le haghaidh gach aonaid ar a ndéantar staidéar mar aon le deimhnithe ar chúrsaí a chuirtear i gcrích. Tá an clár Choose Safety comhsheasmhach le córas oideachais ina dtacaítear le freastal ar riachtanais gach foghlaimeora agus a bhfuil sé mar aidhm leis go háirithe feabhas a chur ar ionchais fostaíochta daoine óga dífhostaithe.

Cuirtear cúrsaí a bhaineann go sainiúil le hearnálacha ar leith ar fáil ar thairseach foghlama ar líne an Údaráis, http://hsalearning.ie, agus tá na cúrsaí sin le fáil saor in aisce 24/7. Féadfaidh múinteoirí grúpaí foghlaimeoirí a shocrú ar an gcóras nó is féidir le foghlaimeoirí aonair cúrsaí a rochtain go neamhspleách. Féach http://hsalearning.ie chun liosta iomlán na gcúrsaí a fháil.

# NAISC LE CURACLAM NA SRAITHE SINSEARAÍ

| Topaic | | Gairmchlár na hArdteistiméireachta | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | Ábhair Phraiticiúla | | | | | | OSPS | Gnó | Corpoideachas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Eolaíocht (Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht) | Teicneolaíochtaí | Staidéar Foirgníochta | Eolaíocht Talmhaíochta | Eacnamaíocht Bhaile | Ealaín | | | |
| Dlíthiúil | Cearta Oibrithe Óga | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| | Freagrachtaí an Fhostóra | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| | Freagrachtaí an Fhostaí | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Guais, Riosca, Rialú | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dóiteán agus Garchabhair | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| Láimhsiú agus Eirgeanamaíocht | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| (nua) Sleamhnú, Coir Choise agus Titim | | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Obair ar Airde | | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| (nua) Sábháilteacht Feithiclí san Ionad Oibre | | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | | | | | |
| (nua) Ceimiceáin | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| (nua) Feirmeoireacht | | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | | | | | |
| (nua) Fáilteachas | | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | | | ✓ | |
| Oifigeach Sábháilteachta agus Ionadaí Sábháilteachta | | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | | | ✓ | |
| (nua) Timpeallacht Oibre | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre | | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ráitis Sábháilteachta | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| (nua) Comharthaí Sábháilteachta | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Trealamh Cosanta Pearsanta | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Iniúchadh ar Thimpistí / ar Theagmhais | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| Mórthascanna | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | |

*B'fhéidir gur mhian le múinteoirí agus le hoiliúnóirí breisoideachais súil a chaitheamh ar na topaicí chun féachaint ar a n-ábharthacht don chúrsa.

# CLEACHTAÍ A BHAINEANN LE HÁBHAIR ÉAGSÚLA

1. EALAÍN
2. EACNAMAÍOCHT BHAILE
3. ÁBHAIR EOLAÍOCHTA
4. ÁBHAIR THEICNEOLAÍOCHTA

nua

## EALAÍN

Tá de bhuntáiste ag ealaín, i gcomparáid le hábhair eile, gur gníomhaíocht phraiticiúil theagmhálach atá ann. Mar sin féin, dá mhéad gníomhaíochta a bhíonn ar siúl ag dalta is ea is mó an seans go dtarlóidh timpiste agus gortú pearsanta. Anuas air sin, sa seomra ranga ealaíne, d'fhéadfaí go mbeadh daltaí ag obair le meáin éagsúla ag an am céanna agus d'fhéadfadh contúirt a bheith i gceist leis sin, go háirithe mura bhfuil go leor spáis sa seomra ranga.

Leis na sceitimíní a bhaineann le trealamh a d'fhéadfadh a bheith contúirteach a úsáid (mar shampla iarann sádrála agus ábhair amhail péinteanna púdair), cuirtear leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí praiticiúla ealaíne a dhéanamh.

Sa tábla seo a leanas, léirítear gníomhaíochtaí agus na guaiseacha a bhaineann leo de réir mar a bhaineann le modúil Ealaíne. Féachtar ar Láimhsiú agus Eirgeanamaíocht in Aonad 2, Cuid 2 de Choose Safety (leathanach 24 den leabhar do dhaltaí), féachtar ar Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí i gCuid 3 (leathanach 29), agus dírítear ar Cheimiceáin in Aonad 3, Cuid 3 (leathanach 43).

| Modúil Phraiticiúla | Gníomhaíocht | Guaiseacha: |
|---|---|---|
| Saothar samhailteach nó ábhar neamhbheo | Seoláin leictreacha shraoilleacha, málaí scoile | Tuislí, Titimí |
| | Péinteanna púdair a mheascadh | Gortú súl, deannach ag cur isteach ar an gcóras riospráide |
| | Stóráil trealaimh | Eirgeanamaíocht, Tuislí, Titimí |
| | Doirteadh uisce | Sciorrthaí |
| Dearadh nó ceardaíocht | Iarann sádrála | Dónna, dóiteán |
| | Móta papier mâché | Sciorrthaí ón uisce, móta |
| | Snoíodóireacht | Gortú súl, gearrthacha, deannach ag cur isteach ar an gcóras riospráide |
| | Ceirmigh bhriste | Gearrthacha, gortú súl |
| | Criadóireacht a bhácáil | Dónna |
| | Péinteanna púdair a mheascadh | Gortú súl, deannach ag cur isteach ar an gcóras riospráide |
| | Bróidnéireacht | Biorpholladh |
| | Siosúr | Gearrthacha |
| | Lionóilphriontáil | Gearrthacha, gortú do na méara / do na lámha |
| | Baitíc – céir the | Dónna, dóiteán |
| | Diúscairt snáthaidí briste | Biorpholladh |
| | Miotalóireacht ealaíne | Dónna, gortú súl, gearrthacha |
| Sceitseáil bheo-ábhair | Socrú – málaí agus seoláin shraoilleacha | Tuislí, Titimí |
| | Doirteadh uisce | Sciorrthaí |
| | Suí ar feadh tréimhsí fada | Suíocháin chompordacha |

Tar éis obair a dhéanamh leis an gclár Choose Safety, seo roinnt **cleachtaí roghnacha** a d'fhéadfadh cur leis an eispéireas foghlama.

1. Cé na guaiseacha a chuireann daoine i mbaol agus obair chaomhantais á déanamh?
   Dear póstaer le do rogha ábhar chun cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn agus obair chaomhantais á déanamh.
2. Tabhair cuairt ar dhánlann nó ar mhúsaem. Féach ar an gcaoi a ndéanann coimeádaithe saothair ealaíne a láimhseáil, a bhogadh, a chur ar taispeáint nó a stóráil. Déan measúnú riosca eirgeanamaíochta chun saothar mór ealaíne a iompar.

# EACNAMAÍOCHT BHAILE

Agus staidéar á dhéanamh ar Eacnamaíocht Bhaile ar scoil, foghlaimíonn daltaí conas na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- aire a thabhairt dá sláinte agus dá sábháilteacht féin, agus do shláinte agus do shábháilteacht daoine eile
- a limistéir foghlama agus oibre a eagrú agus a bhainistiú chun timpeallacht shláintiúil shábháilte a chruthú
- guaiseacha a shainaithint, gníomhú dá réir, agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a sheachaint
- ábhair agus trealamh a láimhseáil ar bhealach sláinteach sábháilte
- saol atá níos sábháilte agus níos sláintiúla a chaitheamh.

Tá an obair phraiticiúil ina dlúthchuid d'Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta, agus déantar go leor den obair phraiticiúil sin sa chistin ar scoil. Ós rud é gur sa chistin a tharlaíonn formhór na dtimpistí sa ghnáththeach, tá sé tábhachtach go ndéanann an múinteoir na caighdeáin is fearr a leagan amach agus cur ar chumas na ndaltaí a gcuid foghlama a dhéanamh i dtimpeallacht atá sábháilte, sláinteach agus tacúil. Moltar do thuismitheoirí dearcthaí dearfacha agus cineálacha dearfacha cur chuige a chothú ina gcuid daltaí maidir le sábháilteacht sa réimse gníomhaíochtaí a dhéanann siad, agus feasacht ar a thábhachtaí atá sé timpeallacht shábháilte oibre a chur ina luí orthu.

Moltar do dhaltaí dul i mbun oibre ar bhealach aireach, a bheith eolach ar an gcontúirt a bhaineann le doirteadh, teas, tine, sceana géara, trealamh leictreach, ábhair glanta thocsaineacha agus guaiseacha eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Múintear do dhaltaí a thábhachtaí atá sé cloí le rialacháin a bhaineann le cistin oibre, lena n-áirítear a thábhachtaí atá cosaint phearsanta amhail éadaí cosanta a chaitheamh (naprúin, clúdach don chloigeann, agus miteoga oighinn). Cuirtear oiliúint orthu conas is ceart a dhéanamh i gcásanna éigeandála, mar shampla druileanna dóiteáin, conas pluid dóiteáin a úsáid i gcás dóiteáin bheaga logánta. Is leo seo a leanas a bhaineann príomhthorthaí foghlama na ngníomhaíochtaí praiticiúla a dhéantar sa chistin ar scoil:

- **úsáid shábháilte ábhar agus trealaimh,**
- **na nósanna imeachta lena ndéantar deachleachtais sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn.**

Sa mhodúl toghthach 'Teicstílí, Faisean agus Dearadh', bítear ag súil go mbeidh daltaí eolach ar bhailchríocha dódhíonacha agus ar an Ordú Taighde Tionscail agus Caighdeán (Sábháilteacht Dóiteáin) (Troscán Tí) (1988 agus 1995), agus go mbeidh eolas acu ar inadhainteacht na snáithíní i dteicstílí tí éagsúla.

Déantar staidéar freisin ar eirgeanamaíocht sa mhodúl toghthach 'Dearadh agus Bainistíocht Tí'.

**Conas is féidir linn an t-eolas a fhaightear ó staidéar a dhéanamh ar Eacnamaíocht Bhaile a chur i bhfeidhm sa timpeallacht oibre?**

In earnáil na lónadóireachta agus an fháilteachais, is de bharr sciorrthaí, tuislí agus titimí a tharlaíonn formhór na dtimpistí, go háirithe timpeall ar fhoinsí leachtanna (mar shampla ag an doirteal agus glasraí, uirlisí agus gréithe á ní).

Sa tábla seo a leanas, léirítear gníomhaíochtaí agus na guaiseacha a bhaineann leo atá ábhartha do mhodúil a bhaineann le Staidéar Bia, agus le Teicstílí, Faisean agus Dearadh. Féachtar ar Láimhsiú agus Eirgeanamaíocht in Aonad 2, Cuid 2 de Choose Safety (leathanach 24 den leabhar do dhaltaí), féachtar go mionsonraithe ar Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí in Aonad 2, Cuid 3 (leathanach 29).

| Modúil Phraiticiúla | Gníomhaíocht | Guaiseacha: |
|---|---|---|
| Staidéar Bia | Ní gréithe ag an doirteal | Sciorrthaí, titimí |
| | Oigheann | Dónna |
| | Leacht te, mar shampla stealլóga anraith | Dónna, gortú súl |
| | Potaí agus pannaí | Eirgeanamaíocht – ardú agus iompar |
| | Meascthóirí | Eirgeanamaíocht – ardú agus iompar, gortú do na cosa |
| | Amhábhar – urlár, siúcra | Eirgeanamaíocht – ardú agus iompar |
| | Sceana agus gearrthóirí | Gearrthacha |
| | Seoláin leictreacha shraoilleacha, málaí scoile | Tuislí, titimí |

| Modúil Phraiticiúla | Gníomhaíocht | Guaiseacha: |
|---|---|---|
| Teicstílí, faisean agus dearadh | Fuáil | Biorpholladh |
| | Diúscairt snáthaidí briste | Biorpholladh |
| | Deisiúcháin do threalamh | Fostú, pinse ar mhéar |
| | Iarann sádrála | Dónna, dóiteán |
| | Iarann | Dónna, dóiteán |
| | Siosúr | Gearrthacha |
| | Seoláin leictreacha shraoilleacha, málaí scoile | Tuislí, titimí |
| | Baitíc – céir the | Dónna, dóiteán |
| | Seoláin leictreacha shraoilleacha, málaí scoile | Tuislí, titimí |
| | Péinteanna púdair a mheascadh | Gortú súl, deannach ag cur isteach ar an gcóras riospráide |
| | Ní gréithe ag an doirteal | Sciorrthaí, titimí |
| | Stóráil trealaimh | Eirgeanamaíocht, tuislí, titimí |

# ÁBHAIR EOLAÍOCHTA

Bíonn daltaí sa tsaotharlann le haghaidh fhormhór na gceachtanna eolaíochta, nó le haghaidh na gceachtanna ar fad, san oideachas iarbhunscoile. Is leo seo a leanas a bhaineann príomhthorthaí foghlama na ngníomhaíochtaí praiticiúla tosaigh a dhéantar i saotharlann na scoile:

- **úsáid shábháilte an fhearais**
- **forbairt nósanna imeachta lena ndéantar dea-chleachtais sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn.**

Múintear do dhaltaí conas guaiseacha féideartha a shainaithint agus a sheachaint. Baineann go leor de na guaiseacha sin leis an saol laethúil amhail dónna, scalladh, gloine bhriste agus dromchlaí sciorracha. Múintear dóibh a thábhachtaí atá sé cloí leis na rialacha dochta a bhaineann le saotharlanna, lena n-áirítear a thábhachtaí atá cosaint phearsanta amhail éadaí cosanta agus súilchosaint.

Agus staidéar á dhéanamh ar eolaíocht ar scoil, foghlaimíonn daltaí conas na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- aire a thabhairt dá sláinte agus dá sábháilteacht féin, agus do shláinte agus do shábháilteacht daoine eile
- guaiseacha sa saol laethúil a shainaithint agus iad féin a chosaint orthu
- ábhair agus trealamh a láimhseáil ar bhealach sábháilte
- timpeallacht foghlama agus oibre atá níos sábháilte agus níos sláintiúla a chruthú
- saol atá níos sábháilte agus níos sláintiúla a chaitheamh.

Ceann de na róil atá ag an múinteoir eolaíochta is ea cur ar chumas na ndaltaí eolaíocht a fhoghlaim i dtimpeallacht atá sábháilte agus tacúil. Agus iad ag foghlaim na heolaíochta ar scoil, múintear do dhaltaí conas déileáil leis na guaiseacha a bhaineann le hobair phraiticiúil agus conas an riosca dóibh féin agus do dhaltaí eile a laghdú an oiread is féidir. Tá de bhuntáiste ag an eolaíocht, i gcomparáid le hábhair eile, gur gníomhaíocht phraiticiúil theagmhálach atá ann. Mar sin féin, dá mhéad gníomhaíochta a bhíonn ar siúl ag dalta is ea is mó an seans go dtarlóidh timpiste agus gortú pearsanta. Leis na sceitimíní a bhaineann le trealamh agus ceimiceáin a d'fhéadfadh a bheith contúirteach a úsáid, cuirtear leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí praiticiúla eolaíochta a dhéanamh. Anuas ar ghníomhaíochtaí praiticiúla, is féidir inneachar ó na siollabais eolaíochta a úsáid mar chomhthéacs chun cabhrú le daltaí dearcadh dearfach a fhorbairt i leith saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta i gcásanna éagsúla (Mapping Health and Safety in the Curriculum, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Meán Fómhair 2007).

Sa tábla seo a leanas, léirítear gníomhaíochtaí agus na guaiseacha a bhaineann leo atá ábhartha don Eolaíocht. Déantar na guaiseacha a aicmiú mar ghuaiseacha ceimiceacha, bitheolaíocha agus fisiceacha. Dírítear ar Cheimiceáin in Aonad 3, Cuid 3 de Choose Safety (leathanach 43 den leabhar do dhaltaí).

## Turgnaimh

| Ní hea | Teideal | Aicme na nguaiseacha | Gníomhaíocht | Guaiseacha |
|---|---|---|---|---|
| | | Ceimiceach | Gás peitriliam leachtach (GPL) – níos troime ná an t-aer | Plúchadh, nimhiú tocsaineach |
| | | | Gás nádúrtha – níos éadroime ná an t-aer | Dóiteán |
| | | | Hidrigin chomhbhrúite | |
| | | | Dé-ocsaíd charbóin chomhbhrúite | Nimhiú tocsaineach |
| | | | Ocsaigin chomhbhrúite | Dóiteán, pléascadh |
| | | Bitheolaíoch | Dioscadh ainmhí | Baictéir, víreas |
| | | Fisiceach | Dóire Bunsen | Dóiteán, dó |
| | | | Láimhsiú agus diúscairt sleamhnán briste, earraí gloine atá briste | Gearrthacha |
| | | | Earraí gloine atá te | Dónna |
| | | | Ceirmigh theo | Dónna |
| | | | Ceirmigh bhriste | Gearrthacha |
| | | | Léasair | Gortú súl, dónna |

Tar éis obair a dhéanamh leis an gclár Choose Safety, seo **cleachtadh roghnach** a d'fhéadfadh cur leis an eispéireas foghlama.

Déan iniúchadh ar na ceimiceáin a bhíonn in úsáid sa tsaotharlann.

Roghnaigh trí thurgnamh ón gcuraclam eolaíochta inar gá ceimiceán a úsáid.

Déan ceimiceán tocsaineach, creimneach agus greannach a shainaithint. Conas is féidir le gach ceann díobh sin díobháil a dhéanamh don tsláinte?

Féach ar lipéad gach ceimiceáin. Cén fhaisnéis thábhachtach atá le fáil ar an lipéad?

Féach ar an mbileog sonraí sábháilteachta i gcás ceann amháin de na ceimiceáin. Cén fhaisnéis thábhachtach a sholáthraítear ar an mbileog sin maidir leis an gceimiceán?

## Acmhainní

Managing Safety and Health in the Science Laboratory for Teachers http://hsalearning.ie

Cabhróidh an **cúrsa saor in aisce seo ar líne** le múinteoirí na n-ábhar eolaíochta feabhas a chur ar an eolas agus ar an tuiscint atá acu ar shábháilteacht, ar shláinte agus ar leas, go háirithe sa tsaotharlann eolaíochta.

Ar chríochnú an chúrsa sin duit, ba cheart go mbeifeá in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- guaiseacha agus rioscaí sa tsaotharlann eolaíochta a shainaithint
- rialacha saotharlainne agus timpistí a d'fhéadfadh tarlú i saotharlann a shainaithint
- cleachtais a chur i bhfeidhm chun na timpistí sin a chosc
- guaiseacha fisiceacha, ceimiceacha agus bitheolaíocha a shainaithint, agus
- cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú sa tsaotharlann scoile.

# ÁBHAIR THEICNEOLAÍOCHTA

Cuirtear béim sna siollabais ar an ngá atá le haird chuí a thabhairt ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta i ngach gníomhaíocht, go háirithe nuair atá ábhair agus trealamh in úsáid, ach freisin maidir le smaointe agus réitigh dearaidh a ghiniúint agus a mheasúnú.

Cuspóir ar leith den oideachas teicneolaíochta is ea gur cheart go mbeadh na riachtanais sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hobair phraiticiúil a phleanáil agus a dhéanamh ar eolas ag daltaí agus gur cheart do dhaltaí cloí leo. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a thuiscint conas a d'fhéadfadh na riachtanais sin teorainneacha nó srianta a chur ar dhearadh earraí agus córas.

Agus na hábhair sin á dteagasc agus á bhfoghlaim, éilítear ar dhaltaí féachaint ar chleachtais shábháilte oibre agus nósanna imeachta molta a leanúint. Forbraíonn siad tuiscint ar na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le foinsí fuinnimh, innealra, trealamh agus feistí a bhíonn in úsáid acu agus iad ag foghlaim. Mar gheall ar theagasc, téann siad i dtaithí ar threalamh sábháilteachta a úsáid i gceart agus ar thimpeallacht shábháilte oibre a chothú trí bhíthin réamhchúraimí cuí sábháilteachta a chur i bhfeidhm chun contúirt a sheachaint agus chun rioscaí a laghdú an oiread is féidir. Ní mór cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chur san áireamh sna réitigh dearaidh ar fhadhbanna teicneolaíochta.

Sa tábla seo a leanas, léirítear gníomhaíochtaí agus na guaiseacha a bhaineann leo atá ábhartha d'ábhair na teicneolaíochta. Dírítear ar láimhsiú agus ar eirgeanamaíocht in Aonad 2, Cuid 2 (leathanach 24).

| Croí-ábhair – Modúil Phraiticiúla | Gníomhaíocht | Guaiseacha: |
|---|---|---|
| Próiseas dearaidh | | |
| Bainistiú tionscadail agus cáilíochta | | |
| Ábhair agus táirgeadh | Meaisín muilleála | Fostú |
| | Druilire seastáin | Gortú súl, gearrthacha |
| | Deil láir miotalóireachta | Gortú súl, gearrthacha |
| Meáin chumarsáide agus ghrafacha | | |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | Aonaid fístaispeána | Tuirse shúl, straidhn ar ghéaga uachtaracha |
| | Eirgeanamaíocht | Gortú athstraidhneála |
| Struchtúir agus meicníochtaí | | |
| Fuinneamh, leictreachas agus leictreonaic | | |

| Roghanna (roghnaigh péire) | | |
|---|---|---|
| Leictreonaic agus rialú | | |
| Córais rialaithe fheidhmeacha | | |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | | |
| Córais déantúsaíochta | | |
| Teicneolaíocht ábhar | | |

In ábhair amhail Staidéar Foirgníochta agus Innealtóireacht, tá eolas ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta follasach sa siollabas.

Tar éis obair a dhéanamh leis an gclár Choose Safety, seo **cleachtadh roghnach** a d'fhéadfadh cur leis an eispéireas foghlama.

Déan athbhreithniú ar fhearais agus ar threalamh i seomra ranga na Teicneolaíochta.

I ngrúpaí de thriúr:-

1. Déan fardal de na fearais agus den trealamh sa seomra ranga agus déan taifead den déantúsóir, den dáta déantúsaíochta, agus de dháta na cothabhála deiridh.

2. Sainaithin píosa trealaimh amháin. Féach ar lámhleabhar oibriúcháin an trealaimh roghnaithe, go háirithe an fhaisnéis sláinte agus sábháilteachta atá ann. Sainaithin na guaiseacha, na rioscaí, agus na rialuithe a bhaineann leis an trealamh sin.

3. Féach ar dhearadh an trealaimh sin agus ar an gcaoi a n-úsáidtear é. An bhféadfaí aon fheabhas a dhéanamh ó thaobh na heirgeanamaíochta de?

4. Ón méid a d'fhoghlaim tú, déan bileog faisnéise sláinte agus sábháilteachta (aon leathanach amháin) a chur le chéile don trealamh sin.

## Acmhainní


Managing Safety and Health in the Technologies classroom for Teachers http://hsalearning.ie

Cabhróidh an **cúrsa saor in aisce seo ar líne** le múinteoirí na n-ábhar teicneolaíochta feabhas a chur ar an eolas agus ar an tuiscint atá acu ar shábháilteacht, ar shláinte agus ar leas.

Ar chríochnú an chúrsa sin duit, ba cheart go mbeifeá in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- príomhghuaiseacha sa seomra ranga teicneolaíochta a shainaithint
- na bearta riachtanacha a shainaithint chun timpistí a chosc
- cleachtais shábháilte oibre, an ráiteas sábháilteachta, comhairliúchán sábháilteachta, agus conas iniúchadh sláinte agus sábháilteachta a shainaithint agus a bheith ar an eolas fúthu
- pleanáil le haghaidh sábháilteacht dóiteáin agus cásanna éigeandála
- riachtanais tábhachtacha a shainaithint maidir le garchabhair, eirgeanamaíocht, tuaslagóirí agus greamacháin ceimiceacha, agus reachtaíocht maidir leis an tsábháilteacht.

# BÍ AG BRABHSÁIL



Is féidir faisnéis mhionsonraithe agus chun dáta ar gach topaic ar a bhféachtar in Choose Safety a fháil ach dul chuig suíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, **www.hsa.ie.**
Téigh chuig **http://hsalearning.ie** chun féachaint ar chúrsaí ar líne an Údaráis

hsalearning.ie
HSA Online Courses

Tugtar liosta anseo thíos ar shuíomhanna eile ar fiú féachaint orthu:

**www.hsa.ie/eng/Topics/Simple_Safety/**
**www.agriaware.ie**
**www.scoilnet.ie**
**www.cdc.gov/niosh**
**www.iif.ie**
**www.slss.ie**
**www.esb.ie**
**www.mentalhealthireland.ie**
**www.epa.ie**
**www.osha.gov** (Stáit Aontaithe Mheiriceá)
**www.fsai.ie**
**www.hse.gov.uk** (an Ríocht Aontaithe)
**www.osha.europa.eu**
**www.nra.ie**
**www.iif.ie**
**www.agriculture.gov.ie**
**www.enetosh.net**
**www.ascc.gov.au (an Astráil)**
**www.citizensinformation.ie**
**www.besmart.ie**
**www.statcentral.ie**

# AONAD 1
## TOSÚ AG OBAIR



### Ábhair an Aonaid

1 Treoirlínte do mhúinteoirí
2 Cearta oibrithe óga
3 Ionduchtúchán
4 Dlíthe sláinte agus sábháilteachta agus d'ionad oibre
5 Gníomhaíochtaí an aonaid
6 Faisnéis bhreise

# TOSÚ AG OBAIR

AONAD 1

## TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Sa leabhar saothair 'Daoine Óga ag Obair', tá an t-inneachar seo a leanas le fáil in **Aonad 1 Tosú amach ag obair:**

- Cuid 1 Cearta oibrithe óga
- Cuid 2 Ionduchtúchán
- Cuid 3 Freagrachtaí Fostóirí agus Fostaithe

In Aonad 1, dírítear ar dhaoine óga a ullmhú don ionad oibre. Cuirtear réamheolas na foghlama faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta i láthair, agus tugtar léargas ar na príomhriachtanais sláinte agus sábháilteachta. In Aonad 1, tugtar aird ar leith ar thosú amach ag obair agus ar ar cheart a bheith ar eolas ag daoine maidir le cearta oibrithe óga agus ionduchtúchán.

## **AONAD 1,** CUID 1, CEARTA OIBRITHE ÓGA

Baineann an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha ar fad maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta le hionaid oibre ina bhfostaítear daoine óga. Mar shampla, ní cheadaítear do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois trealamh ardúcháin a fheidhmiú. Anuas air sin, ní cheadaítear do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois obair mar seo a leanas a dhéanamh:

- obair atá róchrua orthu go fisiciúil nó go meabhrach
- obair ina nochtar iad d'ábhair thocsaineacha
- obair ina nochtar iad do radaighníomhaíocht
- obair lena mbaineann teas, torann nó creathadh as cuimse
- obair lena mbaineann rioscaí nár dhócha go sainaithneodh ná go seachnódh na hoibrithe iad toisc a laghad taithí atá acu nó a laghad oiliúna atá orthu.

Is é is aidhm leis an **Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996,** sláinte oibrithe óga a chosaint, agus a áirithiú nach ndéanfar dochar do do chuid oideachais mar gheall ar obair a dhéanann tú i rith na scoilbhlianta.
Is é an chiall atá le "duine óg" duine atá 16 bliana d'aois nó níos sine nó a bhfuil an aois fágála scoile bainte amach aige/aici (cibé acu is airde), ach atá níos óige ná 18 mbliana d'aois.

Leagtar amach íosteorainneacha aoise d'fhostaíocht, sainmhínítear na tréimhsí sosa agus na huaireanta oibre uasta, agus cuirtear cosc ar dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois a bheith ag obair déanach san oíche faoin dlí – féach **Tábla 1**: Uaireanta Oibre: Daoine faoi bhun 16 bliana d'aois agus **Tábla 2**: Uaireanta Oibre: Daoine atá 16 bliana nó 17 mbliana d'aois (leathanach 6 den leabhar do dhaltaí).

Anuas air sin, ní mór d'fhostóirí taifid shonracha a choimeád le haghaidh na n-oibrithe sin atá níos óige ná 18 mbliana d'aois.

**An Aois Íosta d'Fhostaíocht**
Ní cheadaítear d'fhostóirí daoine faoi bhun 16 mbliana d'aois a fhostú i bpost rialta lánaimseartha.

## **AONAD 1,** CUID 2, IONDUCHTÚCHÁN

Tréimhse neirbhíseach spreagúil i saol an duine óig is ea tosú amach ag obair dó/di. D'fhéadfaí go mbeadh tréimhsí taithí oibre agus foghlama bunaithe ar an obair ar an gcéad taithí a bhíonn ag daoine óga ar an timpeallacht oibre. Bíonn contúirtí i ngach ionad oibre mar sin féin, agus d'fhéadfadh timpistí tarlú agus bíonn siad ag tarlú. D'fhéadfadh gortuithe tromchúiseacha nó bás fiú a bheith mar thoradh ar roinnt timpistí – ach is féidir formhór na dtimpistí a sheachaint. Bí cinnte neart ceisteanna a chur mar is é seo an deis a bheidh agat fáil amach céard leis a bhfuiltear ag súil uait agus tú féin a chosaint ó ghortú nó ó thinneas a bhaineann leis an obair.

**Fíricí Tapa**

*Nuair a thosaíonn tú ag obair den chéad uair, tá seans 50% níos mó go ngortófaí thú san ionad oibre i gcomparáid le hoibrithe a bhfuil taithí acu.*

In Choose Safety, tugtar duit an fhaisnéis sláinte agus sábháilteachta atá riachtanach chun go mbeidh tú sábháilte ag an obair.

**Ar cheart oiliúint ionduchtúcháin a chur ar gach oibrí nua (lena n-áirítear daltaí ar thaithí oibre)?**

Ba cheart. Faoin dlí, ní mór d'fhostóirí teagasc, oiliúint agus maoirseacht a sholáthar. Dlúthchuid den phróiseas foghlama is ea oiliúint ionduchtúcháin. Ar thosú poist nó taithí oibre duit, ba cheart go gcuirfí ionduchtúchán agus oiliúint ar leith ort le haghaidh gach poist nua.

Is san ionduchtúchán a thugtar faisnéis bhunúsach duit maidir leis an ionad oibre ionas go mbeidh ar do chumas a bheith sábháilte.

Ba cheart go dtabharfaí an fhaisnéis seo a leanas duit:

- rialacha an ionaid oibre. Ba cheart go gcuimseofaí leis sin tús eolais ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta, socruithe garchabhrach agus nósanna imeachta aslonnaithe i gcás dóiteáin nó éigeandáil eile
- aon ghuaiseacha agus riosca san ionad oibre atá ar eolas
- na bearta sábháilteachta atá i bhfeidhm
- céard ba cheart duit a dhéanamh chun tú féin agus na daoine eile a choimeád sábháilte.

Ná déan dearmad ➔ Bí Stuama – Fan Sábháilte

**Ná déan dearmad:**

- Cuir aithne ar do thimpeallacht, do stáisiún oibre, an ceaintín, na seomraí scíthe, na bealaí éalaithe lena n-áirítear bealaí éalaithe i gcás dóiteáin, an stáisiún garchabhrach más ann dó, limistéar páirceála, etc.
- Bíodh a fhios agat cé hé/hí an maoirseoir agus conas dul i dteagmháil leis/léi más gá.
- Bíodh a fhios agat conas an Trealamh Cosanta Pearsanta a úsáid más gá. Má bhíonn trealamh athsholáthair de dhíth ort, bí ar an eolas conas an trealamh sin a fháil.
- Oiliúint – cén oiliúint atá de dhíth ort?
- Nósanna imeachta éigeandála – druil dóiteáin, garchabhair.

D'fhéadfadh an fostóir iarraidh ort doiciméid/rialacháin thábhachtacha sábháilteachta a léamh agus doiciméad a shíniú lena dhearbhú go bhfuil na nithe sin léite agat agus go dtuigeann tú iad.

Féach an 'Student Checklist' in '*Health and Safety Matters for Students on Work Experience*', foilseachán de chuid an Údaráis.

# **AONAD 1,** CUID 3, DLÍTHE SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA AGUS D'IONAD OIBRE

Is ann do dhlíthe sláinte agus sábháilteachta chun cosaint a thabhairt d'oibrithe (áirítear leis sin daltaí ar thaithí oibre) nó do dhaoine a bhféadfadh gníomhaíochtaí oibre dul i bhfeidhm orthu. Tá an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar an bpríomhreachtaíocht lena gcuimsítear sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre. Is ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta atá an fhreagracht fhoriomlán as a áirithiú go gcloítear le hAcht 2005.

Cé atá freagrach as sábháilteacht? I mbeagán focal, gach aon duine. Ní ceart glacadh leis gurb iad na fostóirí amháin atá freagrach as ionad oibre sábháilte agus sláintiúil a chruthú agus a chothú. Tá a ról féin ag gach aon duine. Féachfaidh tú ar phríomhfhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe sa Chuid deiridh seo d'Aonad 1.

## FREAGRACHTAÍ FOSTÓIRÍ

Tá fostóirí freagrach as ionad oibre sábháilte agus sláintiúil a sholáthar. Cuimsítear leis sin, mar shampla, na nithe seo a leanas a sholáthar: fearas agus trealamh sábháilte, córais shábháilte oibre, oiliúint agus maoirseacht más gá, agus trealamh cosanta pearsanta más gá.

Tá go leor reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm freisin, agus baineann cuid den reachtaíocht sin go sainiúil le cosaint leanaí agus daoine óga. Tá doiciméad treorach aon leathanach déag foilsithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le Cosaint Leanaí agus Daoine Óga agus cuimsítear leis faisnéis maidir leo seo a leanas:

- ✓ daoine óga a fhostú
- ✓ measúnú riosca
- ✓ dálaí lena gcuirtear cosc ar leanbh nó duine óg a fhostú
- ✓ faireachas sláinte
- ✓ substaintí guaiseacha agus próisis ghuaiseacha
- ✓ obair a bhféadfadh cosaint a bheith de dhíth ar dhaoine óga ina leith

Is é is aidhm leis an Treoir tú féin agus do chomhghleacaithe a chosaint agus cosc a chur ar thimpistí nó ar dhrochshláinte san ionad oibre. Is féidir an doiciméad a íoslódáil ó www.hsa.ie

# FREAGRACHTAÍ FOSTAITHE

Tá dualgas ar fhostaithe iad féin agus daoine eile a chosaint. Ní mór duit comhoibriú leis an bhfostóir agus a áirithiú nach contúirt thú duit féin ná do dhaoine eile ag an obair. Má chuirtear trealamh cosanta pearsanta amhail miteoga, masc, cluaschosaint, éadaí shofheicthe, nó clogad sábháilteachta ar fáil duit, ní mór duit é a úsáid faoi mar a dúradh leat agus aire a thabhairt dó.

Anuas air sin, ba cheart duit eolas a thabhairt don fhostóir nó don mhaoirseoir maidir le rud ar bith a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le timpiste, mar shampla má thugann tú faoi deara cleachtais oibre bhaolacha nó guaiseacha tromchúiseacha. Ná déan iarracht riamh caoi a chur ar rud ar bith thú féin – abair le do mhaoirseoir é.

## Torthaí Foghlama

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- príomhfhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair a shainaithint
- breac-chuntas a thabhairt ar na forálacha is tábhachtaí den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
- cur síos a dhéanamh ar an leas a bhaineann le hionduchtúchán

# PLEANANNA CEACHTA MOLTA D'AONAD 1

1. Tús eolais a thabhairt ar choincheap na sláinte agus na sábháilteachta agus ar aidhmeanna an aonaid.
2. D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh i measc na gceisteanna tosaigh a bheidh le breithniú ag an rang:
   - Ainmnigh dhá chineál gairme lena mbaineann leibhéal ard timpistí san ionad oibre (Freagra: feirmeoireacht agus obair thógála)
   - Cé is mó a bhíonn i mbaol san ionad oibre? (Freagra: Daoine óga idir 18 agus 24 bliana d'aois)
3. Smaoinigh ar gach cás i nGníomhaíocht 1.C. Roinn na daltaí ina ngrúpaí agus iarr orthu machnamh a dhéanamh ar an bhfreagairt a bheadh acu mar fhostóirí agus ansin mar fhostaithe. Iarr ar dhaltaí a machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr i ngach cás. Cuir neart ama i leataobh le haghaidh plé fhada.
4. Iarr ar an rang tabhairt faoi Ghníomhaíocht 1.D – freagrachtaí fostóirí agus fostaithe ar leathanach 11. Is féidir leis na daltaí é sin a dhéanamh ina n-aonar, i mbeirteanna, nó i ngrúpaí.
5. Cuimsítear cearta oibrithe óga ar leathanach 5-6 den leabhar do dhaltaí. Iarr ar dhaltaí an bhfuil aon eolas acu ar Chearta Oibrithe Óga. An bhfuil a fhios acu conas teacht ar an bhfaisnéis sin? Cé chomh hábhartha is atá sé d'oibrithe páirtaimseartha?
6. Tabhair isteach coincheap an Bhunachair Focal. Socraigh an mbeidh cóipleabhar, comhad ríomhaire, nó póstaer sa seomra ranga in úsáid mar an bunachar focal.
7. I gcás na **nGníomhaíochtaí Aonaid**, ba cheart do dhaltaí an taithí atá acu féin go dtí seo a chur san áireamh, nó smaoineamh ar aon taithí a bhí acu chuige sin agus na ceisteanna á bhfreagairt.

**Fíricí Tapa**

Cé atá freagrach as sábháilteacht?

I mbeagán focal, gach aon duine!

Ní ceart glacadh leis gurb iad na bainisteoirí amháin atá freagrach as ionad oibre sábháilte a chruthú agus a chothú. Tá a ról féin ag gach aon duine. In Aonad 1, féachtar ar fhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 1
Aonad 1, Cuid 1, Cearta Oibrithe Óga



### GNÍOMHAÍOCHT 1.A,
Leathanach 7
### PLÉ RANGA

Pléigh na sonraí i dTábla 1 agus i dTábla 2. An bhfuil na huaireanta oibre, am saor agus tréimhsí sosa réasúnta, dar leat? An gcloítear leo?

### GNÍOMHAÍOCHT 1.B,
Leathanach 7
### LOGÁIL ISTEACH

Cuardaigh an gréasán chun faisnéis bhreise a fháil ar chearta fostaíochta do dhaoine óga. Cuardaigh faisnéis ar leibhéil íosphá agus ar úsáid trealaimh. D'fhéadfá tosú trí fhéachaint ar na suíomhanna seo a leanas:

- www.irishstatutebook.ie
- www.citizensinformation.ie
- www.employmentrights.ie

Tagairtí Dlí

- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007, Cosaint Leanaí agus Daoine Óga, Caibidil 1 agus Cuid 6
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú).

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 1

Aonad 1, Cuid 3, Dlíthe sláinte agus sábháilteachta agus d'ionad oibre

## GNÍOMHAÍOCHT 1.C, Leathanach 10
## PLÉ RANGA

Léigh na sleachta seo a leanas ón Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Smaoinigh ar an bhfáth a bhfuil siad san áireamh in Acht 2005. Cé chomh héifeachtach is atá siad, dar leat, chun rátaí timpiste a laghdú ag an obair?

### SLIOCHT A:

*'baineann dualgas an fhostóra leis na nithe seo a leanas:*
*… gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh d'fhonn aon iompar míchuí nó iompraíocht mhíchuí ar dhóigh go gcuirfí sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair a fhostaithe nó a fostaithe i mbaol leo a chosc.*
*… pleananna agus nósanna imeachta imleora atá le leanúint agus bearta atá le glacadh i gcás éigeandála nó contúirt thromchúiseach nó ar tí a bheith ann a ullmhú agus a athbhreithniú.*
*… timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú.'*

Alt 8 d'Acht 2005

Pléigh conas a d'fhéadfadh do rogha fostóra gach ceann de na trí dhualgas sin a chur i bhfeidhm.

### SLIOCHT B:

*'Áiritheoidh gach fostóir … go soláthraítear gach teagasc, oiliúint agus maoirsiú i bhfoirm, ar bhealach agus i dteanga ar dóigh, le réasún, go dtuigfidh an fostaí é.'*

Alt 10 d'Acht 2005

Cén fáth a bhfuil an fhoráil sin san Acht? Pléigh na deacrachtaí a bhaineann leis an dualgas sin a fheidhmiú in ospidéal mór, mar shampla. Déan trácht ar impleachtaí an dlí sin in eagraíocht ina bhfostaítear oibrithe ó go leor tíortha éagsúla.

### SLIOCHT C:

*'Ní ghlacfaidh fostaí páirt in iompar míchuí nó in iompraíocht eile amhail foréigean, bulaíocht nó pleidhcíocht a d'fhéadfadh duine eile ag an obair nó a s(h)ábháilteacht, a s(h)láinte agus a leas féin a chur i gcontúirt.'*

Alt 13 d'Acht 2005

Cén fáth a bhfuil an fhoráil sin san Acht? Conas a fhéadfaidh 'foréigean, bulaíocht nó pleidhcíocht' cur isteach ar shábháilteacht, ar shláinte nó ar leas duine eile? Céard iad na héifeachtaí eile d'iompar dá leithéid?

# GNÍOMHAÍOCHT 1.D
# CLEACHTADH AONAIR

Cé acu de na dualgais seo a leanas atá mar fhreagracht ar lucht bainistíochta, agus cé acu atá mar fhreagracht ar fhostaithe? Athscríobh an liosta freagrachtaí sa cholún ceart. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh freagracht a bheith ar an bhfostaí agus ar an bhfostóir araon.

- Ionad oibre sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil
- oiliúint a chur ar fáil
- trealamh agus éadaí cosanta oiriúnacha a chaitheamh
- guaiseacha a aithint san ionad oibre
- timpiste nó tarlú contúirteach a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta
- ionadaí sábháilteachta a roghnú
- teacht imleor a chur ar fáil do sheirbhísí éigeandála
- pionóis a íoc as sárú rialacháin sláinte agus sábháilteachta
- lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi ghuais nua
- trealamh agus éadaí cosanta oiriúnacha a chur ar fáil
- rioscaí oibre san fhoirgneamh a mheasúnú
- gan a bheith ag obair faoi thionchar an óil nó drugaí
- ráiteas sábháilteachta scríofa a chur i gcrích
- druileanna cuí dóiteáin a chur ar siúl
- trealamh a úsáid go cuí
- trealamh cosanta pearsanta atá lochtach a thuairisciú
- gan a bheith páirteach in iompraíocht mhíchuí amhail bulaíocht nó ramhaltaíocht
- trealamh a chothabháil go rialta
- socruithe speisialta a bhreithniú le haghaidh oibrithe leochaileacha, amhail daoine faoi oiliúint
- insint do dhaoine eile faoi ghuaiseacha nua
- míniú a thabhairt ar an méid ba chóir a dhéanamh i gcás timpiste
- má tá ceimiceáin i gceist, léigh na lipaéid sábháilteachta agus féach ar na bileoga sonraí sábháilteachta.

| Freagracht an Fhostóra | Freagracht an Fhostaí |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

# DEIREADH AONAD 1: TRIAIL LUAIS,

Leathanach 12

**C1.** Liostaigh trí fhreagracht atá ar fhostóir agus trí fhreagracht atá ar fhostaí?

**C2.** Cé na gníomhaíochtaí ar gá do d'fhostóir a chinntiú nach mbeidh tú nochta dóibh?

**C3.** Cé mhéad uair oibre is gá duit a dhéanamh sula bhfaighidh tú sos tríocha nóiméad?

**C4.** Céard í an aois íosta le haghaidh fostaíocht rialta lánaimseartha?

**C5.** Liostaigh trí cinn de na príomhnithe ar gá díriú orthu i rith oiliúint insealbhaithe.

## FAISNÉIS BHREISE

Is féidir réimse leathan d'fhoilseacháin a bhaineann le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a íoslódáil ó www.hsa.ie

- Foilseachán de chuid an Údaráis: 'Health and Safety Matters for Students on Work Experience'
- Cúrsa ar líne de chuid an Údaráis: 'Get Safe Work Safe' le fáil ar http://hsalearning.ie
- Treoir an Údaráis: Protection of Children and Young Persons http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/General_Application_Regulations/Protection_of_Children_and_Young_Persons.html
- www.employmentrights.ie
- www.citizensinformation.ie

# AONAD 2

## GUAISEACHA IONAD OIBRE

### Ábhair an Aonaid


1 Treoirlínte do mhúinteoirí
2 Guaiseacha agus measúnú riosca
3 Láimhsiú agus eirgeanamaíocht
4 Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí
5 Sábháilteacht dóiteáin agus garchabhair
6 Gníomhaíochtaí an aonaid
7 Faisnéis bhreise

# GUAISEACHA IONAD OIBRE

AONAD 2



## TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Sa leabhar saothair 'Choose Safety', tá an t-inneachar seo a leanas le fáil in **Aonad 2 Guaiseacha san ionad oibre**

- Cuid 1 Guaiseacha agus measúnú riosca
- Cuid 2 Láimhsiú agus eirgeanamaíocht
- Cuid 3 Sciorrthaí, tuislí agus titimí
- Cuid 4 Sábháilteacht dóiteáin agus garchabhair

Tugtar isteach na téarmaí 'guais', 'riosca' agus 'rialú' in Aonad 2. Baintear leas as an téarmaíocht sin ar fud Choose Safety. Tá sé mar aidhm ag Aonad 2 cur le feasacht daltaí ar ghuaiseacha agus ar rioscaí san ionad oibre. Dírítear ar roinnt de na príomhghuaiseacha a bhíonn i mbeagnach gach aon ionad oibre: láimhsiú agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, agus dóiteán.

## **AONAD 2,** CUID 1, GUAISEACHA AGUS MEASÚNÚ RIOSCA

Soláthraítear forbhreathnú gairid ar na guaiseacha agus ar mheasúnú riosca ar leathanach 16 agus 17 den leabhar do dhaltaí. Mínítear na naoi bPrionsabal maidir le Cosc, agus tugtar breac-chuntas orthu i gcairt úsáideach (sa rannán dúghorm, leathanach 17). Sna Fíricí Gasta ar leathanach 18 den leabhar do dhaltaí, soláthraítear roinnt staitisticí reatha úsáideacha maidir le timpistí san ionad oibre.

Is próiseas trí chéim é measúnú riosca.

- céim 1 — Aithin an ghuais
- céim 2 — Déan measúnú ar an riosca.
- céim 3 — Cuir an Rialúchán i bhFeidhm

Agus riosca á mheasúnú, ní mór na nithe seo a leanas a sheiceáil:

1. Céard é an dóchúlacht go dtarlódh gortú nó díobháil?
2. Cé chomh tromchúiseach ar dócha go mbeidh an gortú nó an díobháil sin?
3. Cé mhéad duine a d'fhéadfadh a bheith i mbaol?

Is féidir rioscaí a thomhas leis an bhfoirmle seo a leanas:

**Riosca** = Dóchúlacht × déine an ghortaithe fhéideartha × líon na ndaoine nochta

Is maith le roinnt daoine riosca a thomhas le huimhreacha agus úsáid a bhaint as an bhfoirmle thuas. Mar shampla, má thugtar uimhir idir 1 agus 3 do gach mír thuas (is ionann 1 agus íseal agus 3 agus ard), beidh an rátáil riosca idir 1 agus 27.

## **AONAD 2,** CUID 2, LÁIMHSIÚ AGUS EIRGEANAMAÍOCHT

Is mar gheall nach ndéantar bainistíocht éifeacht ar ghuais an láimhsithe go dtarlaíonn aon trian amháin de gach timpiste tuairiscithe san ionad oibre. Ar leathanach 24 den leabhar do dhaltaí, sonraítear go láidir go bhfuil measúnú riosca ar an ngné is tábhachtaí de láimhsiú sábháilte.

Ba cheart na tosca seo a leanas a chur san áireamh i gcás gníomhaíochtaí láimhsithe:

- **T**asc
- **D**uine
- **U**alach
- **T**impeallacht

Tá faisnéis bhreise ar gach ceann de na tosca sin le fáil ar leathanach 24 agus 25 den leabhar do dhaltaí, tá prionsabail an ardúcháin shábháilte (mar aon le léaráid) le fáil ar leathanach 25, agus tá faisnéis ar eirgeanamaíocht agus Fíricí Gasta maidir le neamhoird mhatánchnámharlaigh le fáil ar leathanach 26.

# **AONAD 2,** CUID 3, SCIORRTHAÍ, TUISLÍ AGUS TITIMÍ

Tá sciorrthaí, tuislí agus titimí ar an dara cúis is mó le gortuithe san ionad oibre. Tuairiscíodh os cionn 1,200 sciorradh, tuisle agus titim don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta in 2013. Maidir leis an gceathrú cuid de na teagmhais sin, bhí an duine gortaithe as láthair ón obair ar feadh os cionn míosa.

Cuimsítear ar leathanach 29-31 faisnéis chuimsitheach ar sciorrthaí, tuislí agus titimí lena n-áirítear na príomhréimsí ar cheart féachaint orthu.

# **AONAD 2,** CUID 4, SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN AGUS GARCHABHAIR

Bíonn dóiteán ina chúis le gortuithe agus le básanna gach bliain. Ní mór d'fhostóirí gach beart réasúnach a ghlacadh chun cosaint a thabhairt in aghaidh dóiteáin agus bearta a phleanáil chun sábháilteacht daoine a chosaint má tharlaíonn dóiteáin. Ba cheart córas bainistíochta sábháilteachta ar dhóiteán a bheith i bhfeidhm i ngach gnólacht, bunaithe ar thrí phríomhchéim:


Cosaint → Brath → Aslonnú

Áirítear na nithe seo a leanas i measc réamhchúraimí in aghaidh dóiteáin:

- ní mór treoracha a thabhairt do gach fostaí maidir le céard ba cheart a dhéanamh i gcás dóiteáin
- ní mór bealaí éalaithe a bheith marcáilte go soiléir agus ní mór ionaid tionóil a bheith so-aitheanta
- ní mór go mbeadh na nósanna imeachta aslonnaithe ar eolas go maith ag gach duine agus ní mór cleachtadh rialta a dhéanamh orthu
- ní mór an trealamh ar fad a scrúdú go rialta. Cabhraíonn brathadóirí deataigh, aláraim dóiteáin, doirse dóiteáin agus ábhair thógála dhódhíonacha chun leathadh tapa an dóiteáin a chosc
- tá deimhnithe sábháilteachta dóiteáin riachtanach le haghaidh gach foirgneamh nua agus le haghaidh fhormhór na n-athchóirithe nó na síntí ar áitribh ghnó
- d'fhéadfadh soilsiú éigeandála agus trealamh comhraicthe dóiteáin beatha daoine a shábháil i gcás dóiteáin
- i gcás dóiteáin, ba cheart daoine a aistriú amach as an bhfoirgneamh láithreach agus glaoch ar an mbriogáid dóiteáin.

## CÉARD IS DÓITEÁN ANN?

Imoibriú ceimiceach atá i ndóiteán a bhfuil trí rud de dhíth air:




Ocsaigin + Teas + Breosla = Dóiteán

Mura bhfuil ann do rud amháin díobh sin, ní thosóidh an dóiteán. Má bhaintear rud amháin díobh ón dóiteán, múchfar an dóiteán. Ach conas a chruthaítear dóiteán leis na trí rud le chéile?

Tá faisnéis bhreise air sin le fáil ar leathanach 32 agus 33 den leabhar do dhaltaí.

Anuas air sin, cuimsítear sonraí ar theocht dó bhreoslaí éagsúla, staitisticí maidir le sábháilteacht dóiteáin, nósanna imeachta sábháilteachta dóiteáin don ionad oibre, agus múchtóirí dóiteáin ar leathanach 33 agus 34 den leabhar do dhaltaí.

Críochnaítear Aonad 2, Cuid 4.1 le roinnt faisnéis phraiticiúil maidir le garchabhair ar leathanach 35.

## Torthaí Foghlama

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- guaiseacha a shainaithint agus a aicmiú
- sainmhíniú a thabhairt ar mheasúnú riosca
- breac-chuntas a thabhairt ar na guaiseacha seo a leanas agus na rialuithe a bhaineann leo; láimhsiú agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, dóiteán agus garchabhair
- breac-chuntas a thabhairt ar bhunphrionsabail na haheirgeanamaíochta
- breac-chuntas a thabhairt ar phrionsabail an ardaithe shábháilte

# PLEANANNA CEACHTA MOLTA D'AONAD 2

1. Ceisteanna tosaigh le breithniú ag an rang:
   **a.** Cén tuiscint atá agat ar na téarmaí 'guais', 'riosca', 'rialú'?
   **b.** An féidir gach guais a dhíchur? Cén fáth? Féadfaidh an rang samplaí a thabhairt de ghuaiseacha sa saol laethúil. Réamhrá deas é sin ar choincheap an mheasúnaithe riosca. Ní féidir gach guais a dhíchur. Ar an ábhar sin, tá sé tábhachtach an dealraitheacht go dtarlódh timpiste a laghdú trí 'rialuithe' a chur i bhfeidhm.
   **c.** Céard is brí le 'measúnú riosca'? Is féidir leat iarraidh ar an dalta breac-chuntas a thabhairt ar ghnáthghníomhaíochtaí laethúla a bhfuil guais ag baint leo.
   **d.** Cén duine ar cheart dó/di measúnú riosca a dhéanamh? Cén fáth a bhfuil measúnú riosca riachtanach san ionad oibre?

2. Tar éis **Cleachtadh 1** a dhéanamh, d'fhéadfá iarraidh ar an rang gníomhaíochtaí amhail spéirthumadóireacht , eitilt, tiomáint, obair thógála, gruagaireacht etc. a chur in ord de réir an leibhéil riosca a bhaineann leo. Cuireann sin coincheap an riosca choibhneasta iláthair.

3. I **gCleachtadh 2**, cuirtear i láthair tomhas rioscaí, rud atá níos teicniúla, agus na naoi bPrionsabal maidir le Cosc.

4. Féach an cleachtadh do na hábhair **Theicneolaíochta** (leathanach 15 den Bhrollach do Mhúinteoirí) agus an cleachtadh don **Ealaín** (leathanach 11). Is féidir é sin a chur i bhfeidhm ar Láimhsiú agus Eirgeanamaíocht.

5. Féach an fhaisnéis maidir le **hEacnamaíocht Bhaile** (leathanach 12 den Bhrollach do Mhúinteoirí). Is féidir é sin a chur i bhfeidhm ar Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí.

6. I gcás na **nGníomhaíochtaí Aonaid** (féach thíos), ba cheart do dhaltaí an taithí atá acu féin go dtí seo a chur san áireamh, nó smaoineamh ar aon taithí a bhí acu chuige sin agus na ceisteanna á bhfreagairt.


## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 2
Aonad 2, Cuid 1, Guaiseacha agus measúnú riosca

## GNÍOMHAÍOCHT 2.A, Leathanach 19
## RANSÚ SMAOINTE

Liostaigh 25 ghuais ar féidir teacht orthu i scoil. Ná déan dearmad go bhfuil guaiseacha le fáil i ngach áit, agus go bhfuil guaiseacha le fáil i ngach ionad oibre.

# GNÍOMHAÍOCHT 2.B, Leathanach 19
## PLÉ RANGA

Tugtar léiriú áirithiú sna léaráidí seo (thíos) ar an gcaoi ar féidir rioscaí a mheas mar íseal, meánach nó ard. Smaoinigh ar na fáthanna a gcuirtear na rátálacha sin i bhfeidhm.
An ann do rudaí eile ar cheart iad a chur san áireamh nach léir iad sna léaráidí (mar shampla, suíomh stad an bhus nó an tráth den lá)?














# GNÍOMHAÍOCHT 2.C, Leathanach 19
## I mBEIRTEANNA

Agus an fhoirmle thíos á húsáid, ríomh an riosca a bhaineann le gach ceann de na gníomhaíochtaí thuas.

| | | |
|---|---|---|
| Riosca | = | Dóchúlacht (1 má tá sé neamhdhóchúil, 2 má tá sé dóchúil, 3 má tá sé an-dóchúil) |
| | X | Déine an ghortaithe fhéideartha (1 más díobháil bheag é, 2 má tá sé díobhálach, 3 má tá sé an-díobhálach) |
| | X | Líon na ndaoine nochta (1 i gcás duine amháin, 2 i gcás roinnt daoine, 3 i gcás cuid mhaith daoine) |

**Beidh do fhreagraí idir riosca íosta 1 agus riosca uasta 27.**

## GNÍOMHAÍOCHT 2.D, Leathanach 20
## CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

**i.** Abair go bhfuil tú ag obair in oifig agus go mbíonn ort suí os comhair ríomhaire ar feadh cuid mhór den lá.

**a.** Liostaigh na guaiseacha ar fad ar do dheasc san oifig nó thart timpeall air.

**b.** Rátáil an riosca a bhaineann le gach guais a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh.
I gcás gach riosca, abair:
- an dócha go mbeidh sé ina chúis le díobháil (ardriosca)
- an bhféadfadh sé a bheith ina chúis le díobháil (meánriosca)
- nach dócha go mbeidh sé ina chúis le díobháil (riosca íseal)

**c.** Ríomh luach uimhriúil (1-27) le haghaidh gach riosca.

| **Guais** | (Luach) ardriosca ● | (Luach) riosca mheánaigh ● | (Luach) riosca ísil ● |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**ii.** Samhlaigh go bhfuil tú ag obair mar chúntóir fiaclóireachta. Téigh trí cheisteanna a, b agus c thuas arís.

| **Guais** | (Luach) ardriosca ● | (Luach) riosca mheánaigh ● | (Luach) riosca ísil ● |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## GNÍOMHAÍOCHT 2.E, Leathanach 20
## I mBEIRTEANNA

Cuir do liosta i gcomparáid le liosta dalta eile sa rang. Déan iarracht teacht ar liosta coitianta guaiseacha agus an leibhéal riosca a bhaineann le gach ceann díobh. Tabharfaidh duine agaibh tuairisc don rang.

# GNÍOMHAÍOCHT 2.F, Leathanach 21
## CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

An bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach, dar leat?

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| 1 | Is don droim a tharlaíonn formhór na ngortuithe de réir ball beatha (i dtimpistí san ionad oibre). | ✓ | |
| 2 | Tá sciorrthaí, tuislí agus titimí ar an gcúis is lú le timpistí san ionad oibre. | | ✓ |
| 3 | Is faoin bhfostaí atá sé a áirithiú go ndéantar measúnú ar rioscaí. | | ✓ |
| 4 | Cuimsíonn guais rud ar bith a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh. | ✓ | |
| 5 | Ní léir guaiseacha i gcónaí. | ✓ | |
| 6 | Is é láimhsiú is cúis le beagnach aon trian amháin de na timpistí san ionad oibre. | ✓ | |
| 7 | Is é an obair a chur in oiriúint don duine an chéad phrionsabal maidir le cosc. | | ✓ |
| 8 | Ba iad titim ó airde, láimhsiú, agus titim ar an leibhéal céanna na trí chúis ba mhó le timpistí neamh-mharfacha in 2013. | | ✓ |

**Nóta don mhúinteoir:**
Is i leabhar an mhúinteora amháin a chuirtear na freagraí ar fáil. Féach na léaráidí ar leathanach 18 den leabhar do dhaltaí chun faisnéis staitistiúil a fháil.

# GNÍOMHAÍOCHT 2.G, Leathanach 22
## CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

Liostaigh na gníomhaíochtaí a dhéanann tú de ghnáth sa saol laethúil lena mbaineann riosca gortaithe áirithe, ansin comhlánaigh an chuid eile den tábla.

| Gnáthghníomhaíocht | Céard a d'fhéadfadh dul ó mhaith | Cé chomh dóchúil is atá sé go dtarlódh sé seo | **Rialúcháin** |
|---|---|---|---|
| rothaíocht ar scoil | titim, tuairteáil, dul i bhfostú, bheith leagtha, teip trealaimh, caillteanas rialaithe | riosca meánach go hardriosca (féidearthacht réasúnta go dtarlódh timpiste agus go bhféadfadh an gortú a bheith trom nó marfach) | Caith clogad agus feisteas cosanta<br>Bí infheicthe go soiléir<br>Lean rialacha uile an bhóthair<br>Seachain bealaí dainséaracha<br>Maolaigh ar do luas<br>Déan do rothar a chothabháil |
| cluichí ríomhaire | trioblóid súl<br>pian mhatánach<br>leictreamharú<br>tinnis chinn<br>strus, oibseisiún | riosca íseal (míchompord measartha dóchúil, ach amháin má imrítear go hiomarcach iad) | Úsáid ar feadh tréimhse ghearr amháin<br>Glac sosanna rialta<br>Coigeartaigh airde na cathaoireach, na deisce agus an AF<br>Caith spéaclaí, más gá<br>Coigeartaigh rialúcháin AF<br>Breithnigh soilsiú an tseomra |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# GNÍOMHAÍOCHT 2.H, Leathanach 22
## I nGRÚPAÍ

Agus sibh i ngrúpa triúir, roghnaigh seomra ranga i do scoil ina ndéantar tascanna praiticiúla, mar shampla, an seomra Ealaíne, an seomra Eacnamaíochta Baile, an seomra TFC, an tSaotharlann Eolaíochta nó an seomra Teicneolaíochta.

1. Cuir seicliosta guaiseacha le chéile le haghaidh an tseomra ranga a roghnaíodh – féach an seicliosta samplach (le bheith curtha ar fáil)

2. Agus an seicliosta á úsáid agat, aithin agus déan catagóiriú ar na guaiseacha sa seomra, agus tú ag tagairt siar don mhéid atá foghlamtha agat go dtí seo.

3. Nuair a bheidh sé críochnaithe, measúnaigh an leibhéal riosca trí chinneadh cé na daoine a bhféadfadh díobháil tarlú dóibh agus cén chaoi. Ba chóir na nithe seo a leanas a bhreithniú:

   - líon na ndaoine a bhíonn nochta don ghuais
   - minicíocht an nochta don ghuais
   - fad an nochta don ghuais
   - modhanna teipe féideartha
   - bealaí nochta.

   Ríomh an leibhéal riosca agus aithin cé acu an bhfuil ardriosca nó riosca meánach/íseal ag baint leis an nguais.

4. Deimhnigh cé na rialúcháin atá i bhfeidhm chun an ghuais a bhainistiú agus céard iad na rialúcháin eile is gá a chur i bhfeidhm chun an riosca gortaithe agus drochshláinte a laghdú. Cuimhnigh go luann reachtaíocht, cóid chleachtais agus caighdeáin na riachtanais íosta le haghaidh an ionaid oibre.

Nuair a bheidh an tionscadal thuas críochnaithe, beidh do mhúinteoir in ann an seicliosta guaiseacha a úsáid le cinntiú go bhfuil an seomra ranga a roghnaigh do ghrúpa sábháilte do dhaltaí, don fhoireann agus do chuairteoirí. Maith sibh!

## GNÍOMHAÍOCHT 2.I, Leathanach 23
# AIMSIGH AN GHUAIS

Mar rang, féach ar an bpictiúr ar leathanach 23 den téacsleabhar. An féidir leat rud a aimsiú a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh – an 'ghuais'?




**Nóta don mhúinteoir:**

**Tá cúig ghuais sa phictiúr seo:**

1. Tá an múchtóir dóiteáin in úsáid chun an doras a choimeád ar oscailt.
2. Tá cábla leictreach ag síneadh thar bhealach siúil.
3. Tá fillteáin ina mbac ar bhealach siúil.
4. Tá doras an chomhadchaibinéid ar oscailt.
5. Tá boscaí á stóráil go hard, rud atá contúirteach.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 2
Aonad 2, Cuid 2, Láimhsiú agus eirgeanamaíocht



## GNÍOMHAÍOCHT 2.J, Leathanach 27
# PLÉ RANGA

1. Céard atá ar siúl anseo?
2. An bhfuil an stáisiún oibre socraithe ar bhealach oiriúnach?
3. An bhfuil an scáileán, an méarchlár, agus an luchóg socraithe i gceart, dar leat?
4. An timpeallacht oibre riosca íseal atá in oifig, dar leat?
5. Liostaigh ceithre ghuais a bhaineann le hobair in oifig.

## GNÍOMHAÍOCHT 2.K, Leathanach 27
## I nGRÚPAÍ

Aimsigh ualach ciotach (ach ualach nach bhfuil trom) ó áit éigin sa scoil. D’fhéadfá meascán de bhoscaí cairtchláir folmha nó gabhdáin phlaisteacha a úsáid. Cuir roinnt rudaí éadroma in aon cheann amháin nó níos mó de na boscaí/gabhdáin amhail buidéil phlaisteacha, liathróidí leadóige, nó earraí cosúla. Smaoinigh ar conas a d’fhéadfaí feabhas a chur ar an ngníomhaíocht chun na tosca riosca a bhaineann le láimhsiú a laghdú nó a sheachaint.


## GNÍOMHAÍOCHT 2.L, Leathanach 27
## CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

Féach ar an tseilfre seo a d’fhéadfadh a bheith in úsáid i limistéar stórála. Tá ceithre sheilf ann. Tá an t-aonad ocht dtroithe ar airde ó leibhéal an urláir. Socraigh an áit inar cheart na haicmí seo a leanas de bhoscaí stórála a chur.




## GNÍOMHAÍOCHT 2.M, Leathanach 28
## I mBEIRTEANNA

Féach ar an dá shraith léaráidí thíos. Mínigh conas ar cuireadh feabhas ar an gcóras oibre i ngach timpeallacht trí phrionsabail na heirgeanamaíochta a chur i bhfeidhm.




Chun léaráidí cosúla eile a fheiceáil, téigh chuig **www.hsa.ie** agus cuardaigh ‘manual handling case studies’.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 2
Aonad 2, Cuid 3, Sciorrthaí, tuislí agus titimí

nua

## GNÍOMHAÍOCHT 2.N,
Leathanach 31
## PLÉ RANGA

Dá mbeifeá ag obair san ionad oibre sin, céard a d'fhéadfá a dhéanamh ionas nach sleamhnódh daoine?



**Nóta don mhúinteoir:**
Freagraí do Ghníomhaíocht 2.N Plé Ranga

1. Úsáid bacainní nó comharthaí le cur in iúl do dhaoine go bhfuil rud doirte ar an urlár.
2. Glan an doirteadh láithreach.
3. Más leacht gréisceach atá ann, bí cinnte ábhar glanta oiriúnach a úsáid.
4. Triomaigh an t-urlár más féidir.
5. Socraigh go ndéanfar glanadh ag deireadh an lae más féidir.
6. Bain anuas an fógra nó an bhacainn a luaithe atá an t-urlár tirim.

## GNÍOMHAÍOCHT 2.O,
Leathanach 31
## I nGRÚPAÍ

I mbeirteanna, déan suirbhé maidir le sciorrthaí, tuislí agus titimí i d'ionad oibre, sa seomra ranga eacnamaíocht bhaile nó i seomra ranga praiticiúil eile, agus bain úsáid as an gcur chuige san Uirlis Mapála (féach an nasc thíos) agus déan measúnú riosca maidir le sciorrthaí, tuislí agus titimí.

**Féach** www.hsa.ie/slips chun faisnéis úsáideach a fháil.
Féach www.hsa.ie/eng/Topics/Slips_Trips_Falls/Mapping_Slips_Trips_and_Falls/Mapping_tool_rev1.pdf

www.hsa.ie/slips

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 2
Aonad 2, Cuid 4, Sábháilteacht dóiteáin

## GNÍOMHAÍOCHT 2.P, Leathanach 35
## PLÉ RANGA


Cé na nósanna imeachta éigeandála atá i bhfeidhm i do scoil nó i d'ionad oibre?
Cá bhfuil an t-ionad tionóil i gcás dóiteáin?

## GNÍOMHAÍOCHT 2.Q, Leathanach 35
## CLEACHTADH DO DHALTAÍ AONAIR

Aimsigh an dá fhocal déag a bhaineann le dóiteán agus teas sa ghreille thíos.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C | E | E | T | U | S | R | U | O | P | A | V |
| O | S | D | R | D | I | O | X | I | D | E | C |
| M | D | F | I | Y | O | P | A | Y | Z | B | V |
| B | C | L | E | C | W | E | S | H | X | E | G |
| U | O | X | W | D | Q | D | R | F | T | D | A |
| S | P | A | R | K | U | Z | W | I | E | O | S |
| T | N | I | O | P | H | S | A | L | F | L | N |
| I | G | N | I | T | E | Z | T | B | O | P | M |
| O | W | K | U | W | E | D | P | P | A | X | I |
| N | E | R | U | T | A | R | E | P | M | E | T |

**Réiteach:** Tá an dá fhocal déag a bhaineann le dóiteán agus teas atá le fáil sa ghreille aibhsithe thíos.




| | | | |
|---|---|---|---|
| Combustion | Ignite | Dioxide | Explode |
| Spark | Solid | Gas | Temperature |
| Flashpoint | Vapours | Fire | Foam |

## GNÍOMHAÍOCHT 2.R,
Leathanach 36
## I nGRÚPAÍ

Eagraigh an rang i ngrúpaí beaga. Iarr cead na múchtóirí dóiteáin ar fad sa scoil a aimsiú agus a scrúdú. Tuairiscigh na torthaí don rang.

Nó

Féach ar an druil aslonnaithe dóiteáin sa scoil. An gcloítear leis? An leor é, dar leat? Cén feabhas a chuirfeá air?

## GNÍOMHAÍOCHT 2.S,
Leathanach 36
## PLÉ RANGA

Céard atá cearr leis an mbealach éalaithe dóiteáin seo?




## BUNACHAR FOCAL

Críochnaigh Aonad 2 trí iarraidh ar an rang an Bunachar Focal a thabhairt chun dáta leis na téarmaí a foghlaimíodh in Aonad 2.

## DEIREADH AONAD 2: TRIAIL LUAIS,
Leathanach 36

**C.1** Céard is ciall le guais?

**C.2** Cén fáth a bhfuil gá le rialuithe?

**C.3** Tabhair cúig shampla de ghuaiseacha sciorrthaí, tuislí agus titimí atá in go leor ionaid oibre.

**C.4** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi earraí a láimhsiú agus a ardú?

**C.5** Conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí oibre chun na tosca riosca a bhaineann le láimhsiú a laghdú nó a sheachaint?

**C.6** Mínigh an triantán dóiteáin.

**C.7** Liostaigh ceithre chineál múchtóra agus an cineál dóiteáin atá siad ceaptha a mhúchadh.

**C.8** An bhfuil sé éigeantach go mbeadh garchabhróir gairme oilte i ngach ionad oibre?

## FAISNÉIS BHREISE

**Suíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta www.hsa.ie**

- Acmhainn Spirit of Enterprise ar www.hsa.ie
- Young People and Workplace Accidents (Spirit of Enterprise, 6ú leagan)
- Protecting Young People at Work (Spirit of Enterprise, 5ú leagan)
- Guidance on the Prevention and Management of Musculo-Skeletal Disorders in the Workplace
- Guidance on Manual Handling Risk Assessment in the Manufacturing Sector
- Guidance on An Introduction to the Management of Manual Handling in Construction
- Guidance on the Management of Manual Handling in Healthcare
- Guide on Manual Handling Risk Assessment in the Hospitality Sector
- http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Retail/Hospitality_Sector.pdf
- Guide on Manual Handling Risk Assessment in the Retail Sector http://www.hsa.ie/eng/Topics/Slips_Trips_Falls/
- Físeán cás-staidéir ar láimhsiú, sraith 1 http://www.hsa.ie/eng/Workplace_Health/Manual_Handling/Manual_Handling_Risk_Assessment_Videos_Series_1/
- Físeán cás-staidéir ar láimhsiú, sraith 2 http://www.hsa.ie/eng/Workplace_Health/Manual_Handling/Manual_Handling_Risk_Assessment_Videos_Series_2/
- Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí www.hsa.ie/slips

## Cluiche sábháilteachta 'Haphazard'

Cluiche bogearraí oideachasúil is ea **'Haphazard'** le haghaidh daltaí iarbhunscoile bunaithe go sonrach ar chásanna san ionad oibre. Tá an cluiche dírithe ar dhaltaí atá ag gabháil don Idirbhliain, don Ardteistiméireacht Fheidhmeach, agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Chun 'Haphazard' a úsáid, téigh chuig **www.hsasafetygame.ie**

AONAD 2 GUAISEACHA IONAD OIBRE